AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 20.1.2025
COM(2025) 8 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN

maidir leis an dul chun cinn atá déanta san Aontas Eorpach i ndáil leis an ngáinneáil ar dhaoine a chomhrac
(an Cúigiú Tuarascáil)

{SWD(2025) 4 final}

1. RÉAMHRÁ

Is coir í an gháinneáil ar dhaoine lena ndéantar scrios ar shaol daoine aonair, agus a bhaineann dínit, saoirse agus cearta bunúsacha díobh. De réir Europol, bíonn 55 de na líonraí coiriúla is bagairtí a tuairiscíodh ag gabháil do gháinneáil ar dhaoine mar phríomhghníomhaíocht nó mar phríomhghníomhaíochtaí i measc a gcuid gníomhaíochtaí[1]. Thairis sin, léiríodh i dTuarascáil Dhomhanda 2024 maidir le Gáinneáil ar Dhaoine[2] go n-oibríonn 74 % de gháinneálaithe mar ghrúpaí agus líonraí atá nasctha go scaoilte i gcaidreamh coiriúil de chineál gnó nó mar eagraíochtaí coiriúla struchtúrtha, rud lena léirítear an ról ceannasach atá ag grúpaí coireachta eagraithe i ngníomhaíochtaí gáinneála. Is minic a bhíonn baint ag an ngáinneáil le coireanna eile freisin, amhail gáinneáil ar dhrugaí, smuigleáil imirceach, coireacht mhaoine eagraithe, sciúradh airgid agus calaois doiciméad.

Ina theannta sin, is í an gháinneáil ar dhaoine an dara geilleagar aindleathach is forleithne ar domhan[3]. Meastar go bhfuil an brabús bliantúil a ghintear le saothar éigeantais ar fud an domhain cothrom le brabús bliantúil USD 236 bhilliún do gháinneálaithe, is é sin brabús beagnach USD 10 000 in aghaidh an íospartaigh. Is é dúshaothrú na n-íospartach san Eoraip agus san Áise Láir an ceann is brabúsaí, ag sroicheadh brabús USD 20 000 in aghaidh an íospartaigh in aghaidh na bliana[4]. Cé go bhfuil na **brabúis ard** agus go bhfuil méadú 37 % tagtha orthu ó 2014 i leith, **tá na rioscaí do dhéantóirí na coire fós íseal**.

Dúshlán bunúsach a d'eascair as paindéim COVID-19 agus a chuaigh in olcas ina diaidh is ea **aistriú na gáinneála ar dhaoine isteach sa spás digiteach**. Tá deacrachtaí fós ann maidir le **híospartaigh a bhrath agus a atreorú** chun cúnamh agus tacaíocht a fháil.

Tá creat dlíthiúil an Aontais maidir le gáinneáil ar dhaoine fréamhaithe sa **Treoir um Chomhrac na Gáinneála**[5], a **modhnaíodh le Treoir 2024/1712/AE**[6] (dá ngairtear 'an Treoir leasaithe' anseo feasta) agus a tháinig i bhfeidhm **an 14 Iúil 2024**. Leis na modhnuithe, tugtar isteach rialacha níos láidre chun gáinneáil ar dhaoine a chomhrac agus cuirtear uirlisí treisithe ar fáil d'údaráis phoiblí chun cionta gáinneála a imscrúdú agus a ionchúiseamh. Tugtar isteach leis cineálacha nua dúshaothraithe agus fágann sé gur imthoisc ghéaraitheach é teacht i dtír gnéasach a dhéantar ar líne. Déantar foráil leis freisin maidir le tacaíocht níos fearr d'íospartaigh agus tá sé ar cheann de na mórghníomhaíochtaí dá bhforáiltear i **Straitéis an Aontais maidir le gáinneáil ar dhaoine a chomhrac 2021-**

---

[1] Decoding the EU's most threatening criminal networks | [Na líonraí coiriúla is mó bagairt san Aontas a dhíchódú] Europol (europa.eu).

[2] Tuarascáil Dhomhanda 2024 maidir le Gáinneáil ar Dhaoine

[3] Chun tuilleadh eolais a fháil, féach Innéacs Domhanda na Coireachta Eagraithe 2023 Tionscnamh Domhanda.

[4] Chun tuilleadh eolais a fháil féach Brabúis agus bochtaineacht: Eacnamaíocht an tsaothair éigeantais | An Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair (ilo.org).

[5] Treoir 2011/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2011 maidir le gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac agus na híospartaigh atá thíos léi a chosaint (IO L 101, 15.4.2011, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2011/36/oj)

[6] Treoir (AE) 2024/1712 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena leasaítear Treoir 2011/36/AE maidir le gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac agus na híospartaigh atá thíos léi a chosaint (IO L , 2024/1712, 24.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1712/oj).

2025[7] (dá ngairtear 'an Straitéis' anseo feasta), lena n-áirítear cur chuige cuimsitheach atá bunaithe ar cheithre cholún[8].

I gcomhréir le hAirteagal 20 den Treoir, le tacaíocht ó Chomhordaitheoir an Aontais um Chomhrac na Gáinneála (EU ATC), tuairiscíonn an Coimisiún gach dhá bhliain ar an dul chun cinn atá déanta sa chomhrac i gcoinne na gáinneála ar dhaoine. Tá an tuarascáil seo bunaithe ar ionchur ó na Ballstáit trí Líonra an Aontais de Chomhordaitheoirí agus Rapóirtéirí Náisiúnta, comhlachtaí neamhspleácha, Gníomhaireachtaí an Aontais[9], baill d'Ardán Sochaí Sibhialta an Aontais in aghaidh na gáinneála ar dhaoine, chomh maith le doiciméid eile ó Ghníomhaireachtaí an Aontais, ó institiúidí an Aontais agus ó Eagraíochtaí Idirnáisiúnta.

Sa tuarascáil i) sainaithnítear príomhthreochtaí, ii) leagtar amach na príomhghníomhaíochtaí um chomhrac na gáinneála ó 2021 go 2024 agus iii) soláthraítear anailís ar staitisticí don tréimhse 2021-2022, a áirítear i nDoiciméad Inmheánach Oibre[10]. Bhailigh EUROSTAT na sonraí a úsáideadh sa tuarascáil ó na Ballstáit uile trí na húdaráis staidrimh náisiúnta agus tá siad ar fáil i mbunachar sonraí Eurostat faoi staitisticí maidir le 'Coireacht agus ceartas coiriúil'[11].

2. TREOCHTAÍ SA GHÁINNEÁIL AR DHAOINE SAN AONTAS EORPACH

2.1. Íospartaigh (gnéas, aois, saoránacht)

Le linn na tréimhse tuairiscithe 2021-2022[12], cláraíodh **17 248 íospartach gáinneála** san Aontas. Is **méadú 20.5 %** é sin i gcomparáid leis an tréimhse 2019-2020 (14 311)[13]. In 2022 amháin, ba é 10 093 líon na n-íospartach cláraithe, méadú 41 % i gcomparáid le 2021 (7 155) agus an figiúr is airde ó 2013. Is dócha gur mar gheall ar an bhfeasacht fhoriomlán a ardaíodh maidir le gáinneáil a tharla sé sin. Bhí tionchar dearfach gan choinne ag na hiarrachtaí comhbheartaithe ilghníomhaireachta sna Ballstáit, chun daoine atá ar a dteitheadh ón bhfogha míleata faoin Úcráin a chosaint, ar íospartaigh na gáinneála ar náisiúntachtaí éagsúla a bhrath.

Mar a tharla sna blianta roimhe seo, **is dócha go mbeidh líon iarbhír na n-íospartach i bhfad níos airde** ná mar a thugtar le fios sna sonraí tuairiscithe, toisc nach léirítear sna

[7] Straitéis an Aontais um Gháinneáil ar Dhaoine a Chomhrac 2021-2025.

[8] (i) éileamh a laghdú lena gcothaítear gáinneáil ar dhaoine (ii) samhail ghnó na ngáinneálaithe a bhriseadh (iii) íospartaigh a chosaint agus a chumhachtú agus (iv) comhar idirnáisiúnta a chur chun cinn.

[9] An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE), Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA), Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust), Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol), Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA), an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (FRONTEX), Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA), an tÚdarás Eorpach Saothair (ELA).

[10] SWD(2025)4

[11] Ó 2021 i leith, bailíonn Eurostat sonraí gach bliain.

[12] Tabhair faoi deara: Coigeartaíodh na figiúirí chun na luachanna atá ar eolas sa tacar sonraí amháin a léiriú, gan meastacháin nó nithe anaithnide a áireamh. Cinntíonn an coigeartú seo cruinneas agus iontaofacht na sonraí a chuirtear i láthair. Is é an próiseas mionchoigeartaithe seo is cúis le haon neamhréireachtaí idir tuarascálacha roimhe seo agus na figiúirí reatha.

[13] Taifeadadh méadú 25 % ar líon na n-íospartach a braitheadh in 2022 i gcomparáid le 2019 ar an leibhéal domhanda.

staitisticí ach íospartaigh a bhfuil aithne ag ceann de na heintitis chlárúcháin orthu, agus go bhfuil go leor íospartach fós gan bhrath.

Is coir í an gháinneáil ar dhaoine i gcónaí agus **gné inscne nach beag** ag baint léi. In 2021-2022, ba mhná agus cailíní iad 65 % de na híospartaigh uile san Aontas[14]. Is mná iad formhór mór na n-íospartach de theacht i dtír gnéasach (92 %). Is mná iad 68 % díobh agus is cailíní iad 24 % díobh. Is fir iad formhór na n-íospartach a ndéantar gáinneáil orthu le haghaidh dúshaothrú saothair (70 %).

Saoránaigh de chuid an Aontais ab ea 46 % de na híospartaigh chláraithe agus náisiúnaigh de thír nach bhfuil san Aontas ab ea 54 % díobh. Is athrú é sin i gcomparáid le 2019-2020 nuair a bhí formhór na n-íospartach cláraithe ina saoránaigh den Aontas (55 % acu saoránaigh de chuid an Aontais). Ba iad Rómánaigh, Francaigh, Ungáraigh, Bulgáraigh agus Gearmánaigh na cúig shaoránach is mó de chuid an Aontais ar íospartaigh gháinneála iad. Ba iad saoránachtaí na Nigéire, na hÚcráine, Mharacó, na Colóime agus na Síne na cúig shaoránach neamh-AE ba mhó. Bhí 34 % de na híospartaigh uile ina saoránaigh den tír inar cláraíodh iad (gáinneáil inmheánach). Ba shaoránaigh dá gcuid féin iad beagnach gach íospartach sa Bhulgáir, sa Rómáin, san Ungáir, sa tSlóvaic agus sa Laitvia .

2.2. Gáinneáil ar dhaoine chun críche teacht i dtír gnéasach

Lean an gháinneáil chun críche **teacht i dtír gnéasach** de bheith ar an **gcineál dúshaothraithe is forleithne** san Aontas le linn 2021-2022 (49 % de na híospartaigh) cé go léirítear treocht atá ag laghdú beagán (ó 51 %).

Ba é ‘modh lover-boy’ an modh ba choitianta fós chun mná óga agus cailíní a earcú le haghaidh teacht i dtír gnéasach[15]. Is minic a bhíonn gáinneálaithe i mbun caidrimh rómánsúla ar líne, cruthaíonn siad spleáchas mothúchánach agus meallann siad na híospartaigh chun teacht i dtír a dhéanamh orthu. Dheimhnigh formhór na mBallstát agus Europol an ról forleathan atá ag na meáin shóisialta, go háirithe aipeanna geandála, suíomhanna chomórtha agus suíomhanna gréasáin do dhaoine fásta, chun daoine a earcú le haghaidh teacht i dtír gnéasach.

Earcaítear íospartaigh freisin ó thíortha nach tíortha den Aontas Eorpach iad mar gheall ar ghníomhaíocht saothair a bhfuil an chuma uirthi gur gníomhaíocht saothair í agus cuirtear iallach orthu dul i mbun striapachais tar éis dóibh an áit a shroicheadh. Mar shampla, eagraíodh gáinneáil le haghaidh teacht i dtír gnéasach ar mhná na Síne trí ionaid glaonna dhíláraithe a bhí ag feidhmiú i roinnt tíortha de chuid an Aontais agus sa tSín. Feidhmíonn ionaid glaonna mar mhoil chun fógraíocht ar líne na n-íospartach a bhainistiú ar fud tíortha, chun coinní agus praghsanna a shocrú le haghaidh seirbhísí gnéis, agus chun airgead a aistriú chuig na comhaltaí sin atá i gceannas ar fháltais neamhdhleathacha a sciúradh[16].

Tuairiscíodh an méadú ar mhná agus ar dhaoine trasinscneacha de chuid Mheiriceá Laidinigh, a ndearnadh gáinneáil orthu le haghaidh teacht i dtír gnéasach i níos mó

[14] An treocht chéanna ar fud an domhain agus mná agus cailíní i bhformhór na n-íospartach gáinneála, arb ionann iad agus 61 % de na híospartaigh a braitheadh in 2022.
[15] An Ungáir, an Ghearmáin, an Bheilg, an Ostair, an Ghréig, an Bhulgáir, Eurojust, Europol, EMPACT.
[16] Chun tuilleadh faisnéise a fháil, féach *First forensic sprint at Europol to speed up human trafficking investigations* [An chéad ruthag fóiréinseach ag Europol chun dlús a chur le himscrúduithe ar gháinneáil ar dhaoine] Europol (europa.eu).

Ballstát[17] ná mar a tuairiscíodh sa tréimhse tuairiscithe roimhe sin. De réir Europol, tagann íospartaigh ó Mheiriceá Laidineach isteach san Aontas ó phointí iontrála éagsúla, agus baineann siad leas as córais léirscaoilte víosaí uaireanta, agus ansin bogtar níos faide ar aghaidh iad chuig na háiteanna ina ndéantar an teacht i dtír. Sa Pholainn, mar shampla, léirítear i staitisticí 2022 méadú 476 % ar líon íospartaigh shainaitheanta na gáinneála ar dhaoine ó Mheiriceá Laidineach i gcomparáid le 2021 (ón gColóim, ó Ghuatamala, ó Veiniséala, ó Mheicsiceo agus ó Pheiriú den chuid is mó). Tá íospartaigh an teacht i dtír ghnéasaigh de thionscnamh fo-Shahárach, mar shampla ón Nigéir, ó Phoblacht Dhaonlathach an Chongó, ó Chamarún, ón tSomáil, ón gCósta Eabhair agus ón gCéinia, le feiceáil i roinnt mhaith Ballstát freisin[18].

2.3. Gáinneáil ar dhaoine ar mhaithe le dúshaothrú saothair

Is í an gháinneáil ar mhaithe leis an **dúshaothrú saothair** an **dara cineál gáinneála ar dhaoine is forleithne** san Aontas le linn 2021-2022 (37 % de na híospartaigh). Is é an príomhchineál saothraithe é i gceithre Bhallstát[19]. Tá **méadú 51 %** ar íospartaigh an dúshaothraithe saothair in21-2022 (5 940), i gcomparáid leis an tréimhse roimhe sin (940)[20]. In 2022, bhí sciar an teacht i dtír ghnéasaigh gus an dúshaothraithe saothair cothrom le 41 % fiú. Is fir iad formhór na n-íospartach (70 %). Cláraíodh beagnach an sciar céanna d'íospartaigh de chuid an Aontais (46 %) agus neamh-AE (54 %) san Aontas in 2021-2022, i gcomparáid leis an tréimhse roimhe sin[21].

Chuir go leor Ballstát agus Europol in iúl go láidir go ndéantar earcaíocht ar líne le fógraí poist calaoiseacha. Thug an Ghearmáin faoi deara gur úsáideadh an 'modh lover-boy' chun íospartaigh a earcú freisin chun críocha dúshaothraithe saothair.

I measc **na n-earnálacha ardriosca le haghaidh saothrú** tá foirgníocht, talmhaíocht, foraoiseacht, próiseáil bia, línte cóimeála, fáilteachas, miondíol, niteoirí gluaisteán, seirbhísí áilleachta agus glantacháin, iompar agus fódóireacht[22]. Is iad na hearnálacha nua atá ag teacht chun cinn, mar shampla, cúram baile agus seirbhísí altranais agus seachadadh beartán. Tá an earnáil sacair tagtha chun cinn mar limistéar speisialta le haghaidh dúshaothrú sa Phortaingéil agus sa Bheilg[23]. Rinneadh imreoirí peile óga a mhealladh le gealltanas conartha, deiseanna forbartha agus peirspictíocht sa todhchaí i ngairm peile. Is beag tuarastal a fuair siad nó ní bhfuair siad tuarastal ar bith, b'éigean dóibh dul ag obair, d'fhan siad in imthosca forbhásacha agus coinníodh a bpasanna agus ní raibh cead acu an t-áitreabh a fhágáil[24].

Cé go bhfuil cuideachtaí móra agus meánmhéide rannpháirteach in earnáil na tógála, i bpróiseáil bia agus in iompar, agus go bhféadfadh líon suntasach íospartach a bheith mar

[17] An Eastóin, an Bheilg, an Fhrainc, an Ghréig, Éire, an Ísiltír, an Phortaingéil, an Pholainn, Málta, an Spáinn agus Europol.
[18] An Ostair, an Ghréig, Éire, an Laitvia, an Iodáil, an Phortaingéil, an tSualainn, Málta, an Danmhairg.
[19] An Bheilg, an Laitvia, Lucsamburg agus an Phortaingéil.
[20] Ar an leibhéal domhanda, idir 2019 agus 2022, tháinig méadú 47 % ar líon na n-íospartach a braitheadh le haghaidh gáinneáil ar shaothar éigeantais.
[21] Saoránacht 5 % d'íospartaigh chláraithe na gáinneála le haghaidh dúshaothrú saothair, tuairiscíodh gur saoránacht 'eile' a bhí acu.
[22] Europol.
[23] Cás El Dourado An Phortaingéil agus Corr. Bruxelles francophone, 4 novembre 2019, 69ème ch. (par défaut et appel). Voy. Myria, Rapport annuel Traite et trafic des êtres humains 2020, Derrière des portes closes, pp. 90-91 et le site internet de Myria (jurisprudence), Bruxelles, 27 juin 2022, 11ème ch.
[24] D'fhonn gáinneáil a laghdú in 2022 rinne FIFA athchóiriú ar an gcóras aistrithe, lena n-áirítear pas leictreonach a eisiúint a sholáthraíonn stair chlárúcháin imreora ó dhá bhliain déag d'aois.

thoradh ar an dúshaothrú, is minic a bhíonn seirbhísí áilleachta, fáilteachais agus níocháin gluaisteán á reáchtáil ag fiontair bheaga agus micrifhiontair agus gnólachtaí teaghlaigh a bhfuil níos lú íospartach acu. Tharla líon ard na n-íospartach sa tréimhse tuairiscithe freisin mar gheall ar roinnt imscrúduithe ardphróifíle a raibh líon suntasach íospartach ionchasach mar thoradh orthu, go príomha sa Bheilg ag láithreán tógála cuideachta ceimiceán ilnáisiúnta[25] agus sa Ghearmáin in earnáil lóistíochta na ndeochanna inar tarrtháladh 555 íospartach ionchasacha[26].

Braitheann náisiúntacht agus próifíl na n-íospartach den chuid is mó ar earnáil an dúshaothraithe. Is iondúil go bhfostaítear oibrithe fireanna ón Áise[27], ón Afraic Thuaidh[28] agus ó Oirthear na hEorpa[29] ag láithreáin tógála agus sa talmhaíocht, agus fostaítear daoine ó Oirthear na hEorpa (an Bhealarúis, an Úcráin, an Pholainn) san earnáil iompair. Déantar mná Vítneamacha agus Téalannacha a dhúshaothrú i salóin áilleacht agus ingne, agus tá náisiúntachtaí Indiach agus Afracacha áirithe á ndúshaothrú sa tionscal cúraim baile. Is gnách go dtarlaíonn saothar leanaí san Aontas laistigh den teaghlach nó i ngnólachtaí teaghlaigh. Déantar dúshaothrú ar leanaí sna seirbhísí fáilteachais, talmhaíochta, tógála nó glantacháin. Déanann go leor leanaí cúram baile dá mbaill teaghlaigh atá sean nó tinn[30].

Léirigh na Ballstáit leochaileachtaí sonracha na n-oibrithe séasúracha[31]. Tugtar íospartaigh chuig láithreáin talmhaíochta iargúlta, áit a bhfuil cónaí orthu agus ina n-oibríonn siad, agus iad ag íoc as an gcóiríocht atá contúirteach agus plódaithe i bhformhór na gcásanna. Titeann siad i staid spleáchas iomlán mar gheall ar acmhainní eacnamaíocha gann, agus an easpa eolais teanga. Mar gheall ar inrochtaineacht theoranta agus iargúltacht na láithreán, bíonn sé dúshlánach cigireachtaí saothair a dhéanamh agus íospartaigh a bhrath[32].

Ní bhíonn an dúshaothrú ag brath ar mhéid, ar bhrabús ná ar eagrú na gcuideachtaí. Léiríodh le himscrúduithe go ngníomhaíonn gáinneálaithe le sofaisticiúlacht an-ard i struchtúir ghnó chasta agus speisialtóireacht acu maidir le hearcaíocht, taisteal agus cóiríocht a eagrú le doiciméid aitheantais na gcéadta daoine a thagann ó bheagnach gach mór-roinn. Is minic a bhíonn an gháinneáil ar mhaithe leis an dúshaothrú saothair fite fuaite le coireanna eile, amhail calaois chánach agus slándála sóisialta, calaois doiciméad, sáruithe tromchúiseacha ar an reachtaíocht fostaíochta agus slándála sóisialta. Baineann líonraí coiriúla eagraithe úsáid freisin as bagairtí fisiciúla nó síceolaíocha chun na híospartaigh a rialú, mar aon le doiciméid aitheantais agus fóin a thógáil uathu. Ní labhraíonn formhór na n-íospartach teanga na tíre óstaí, bíonn drogall orthu comhoibriú leis na húdaráis agus ní gá go sainaithneoidís iad féin mar íospartaigh. Is minic a chuireann dúshaothraithe iallach ar a n-íospartaigh cuntais bhainc a oscailt, a mbíonn smacht acu orthu chun rochtain a fháil ar phá agus ar airgeadas na n-íospartach[33].

2.4. Gáinneáil ar dhaoine le haghaidh cineálacha eile dúshaothraithe

[25] Rapport annuel d'évaluation 2023 | Traite et trafic des êtres humains (myria.be).
[26] BKA - Bundeslagebilder Menschenhandel - Bundeslagebild Menschenhandel und Ausbeutung 2022.
[27] An Bhanglaidéis, an Phacastáin, an Tuirc, Neipeal.
[28] Maracó.
[29] An Úcráin, an Ungáir, an Bhulgáir.
[30] Kinderarbeit - Fakten und Forderungen | terre des hommes (tdh.de).
[31] An Ostair, an Fhionlainn, Éire, an Phortaingéil, an tSualainn agus Europol.
[32] An Fhionlainn, an tSualainn, an Phortaingéil, Tuarascáil Bhliantúil 2022 ar an tSlándáil.
[33] Europol.

Le linn na tréimhse tuairiscithe, bhí céatadán na gcineálacha gáinneála ar dhaoine, seachas dúshaothrú gnéasach agus saothair, cothrom le **14 %** de na híospartaigh uile[34]. Áirítear ar na cineálacha dúshaothraithe sin gníomhaíochtaí coiriúla éigeantais, déircíneacht éigeantais, baint neamhdhleathach orgán agus cineálacha 'eile'.

Cé nach raibh sa **choiriúlacht éigeantais** ach 3 % de na híospartaigh chláraithe uile san Aontas le haghaidh 2021-2022, thuairiscigh roinnt Ballstát[35] méadú ar an gcineál sin dúshaothraithe. Is minic a bhaineann coiriúlacht éigeantais le goid, mionchoireacht, peasghadaíocht, bradaíocht siopaí agus drugaí a dhíol. Thuairiscigh na Ballstáit freisin maidir leis an méadú atá ag teacht ar chalaois ar líne a dhéantar trí choiriúlacht éigeantais agus maidir le calaois slándála sóisialta[36]. Thuairiscigh siad freisin go bhfuil méadú tagtha ar dhúshaothrú leanaí ag dronganna coiriúla le haghaidh peasghadaíochta, robálacha agus chun gníomhú mar iompróirí drugaí[37]. Tá dronganna coiriúla ag baint úsáid as buachaillí óga leochaileacha (le cúlra imirce den chuid is mó) chun fónamh mar iompróirí drugaí, obair ar phlandálacha cannabais, robálacha nó fiú lámhach agus gníomhartha foréigneacha eile a dhéanamh. I mí Dheireadh Fómhair 2023, thacaigh Europol le Póilíní na Seirbia chun deireadh a chur le líonra coiriúil a bhfuil baint aige le gáinneáil ar leanaí chun críocha pósadh éigeantais, déircíneacht éigeantais agus coiriúlacht éigeantais. Bhí na coirpigh agus na híospartaigh teaghlach-bhunaithe idir 5 agus 17 mbliana d'aois. Bhí baint ag an Ostair, ag an bhFrainc agus ag an nGearmáin leis an imscrúdú[38].

Tá **déircíneacht éigeantais** (2 %) fós ann i roinnt Ballstát mar chineál dúshaothraithe. Sa Phortaingéil, ba é an tríú príomhchineál saothraithe é. Bhí náisiúnaigh na Rómáine, na Bulgáire, na Slóvaice agus na hUngáire faoi bhun aoise den chuid is mó i measc na n-íospartach, eitneacht na Romach san áireamh.

Thuairiscigh roinnt Ballstát[39] cásanna gáinneála le haghaidh **póstaí éigeantais agus póstaí bréige**, rud a dhéanann difear do mhionlaigh eitneacha, amhail Romaigh agus leanaí (cailíní go príomha) a bhfuil cúlra imirce acu. Is minic a bhíonn nasc idir pósadh éigeantais agus cineálacha éagsúla dúshaothraithe, amhail teacht i dtír gnéasach, dúshaothrú saothair nó déircíneacht éigeantais[40].

Is cineál gáinneála atá ag teacht chun cinn í **máthairionadaíocht dhúshaothraithe**. Déanann coirpigh dúshaothrú ar mhná leochaileacha chun críocha dúshaothrú a dhéanamh ar mháthairionadaíocht. Tá idirghabhálaithe (amhail clinicí atáirgthe) ag gabháil do choireacht eagraithe trasteorann chun brabúis an-mhór a fháil. Chuir na Póilíní Heilléanacha deireadh le grúpa coiriúil eagraithe a bhí ag déanamh dúshaothrú ar mhná ó thíortha in Oirthear na hEorpa[41] maidir le hubháin a bhaint agus seirbhísí máthairionadaíochta.

Thuairiscigh an Bhulgáir, an Ghréig agus an tSlóvaic gáinneáil amhrasta chun **orgáin a bhaint** lenar áiríodh freisin baint dhúshaothraithe ceall, fíochán agus fola mar gháinneáil

[34] In 2019-2020, bhí céatadán na gcineálacha eile dúshaothraithe cothrom le 11 % de chásanna gáinneála ar dhaoine san Aontas.
[35] Mar shampla an Bheilg, an Chróit, an Chipir, an Laitvia, an Spáinn.
[36] Éire agus an tSlóivéin.
[37] Mar shampla, an Eastóin, an Fhrainc.
[38] Chun tuilleadh faisnéise a fháil, féach Human trafficking ring exploiting children halted in Serbia |[Stop curtha le drong gáinneála ar dhaoine ag déanamh dúshaothrú ar leanaí sa tSeirbia] Europol (europa.eu).
[39] An tSlóivéin, an tSlóvaic, an Spáinn, an Chróit, an Laitvia, an Ghréig agus an Liotuáin.
[40] an Ghréig.
[41] An tSeoirsia agus an Albáin den chuid is mó.

orgán. Ina theannta sin, mheas an Ghréig gur baint orgán é ubháin a bhaineann le hatáirgeadh daonna le cuidiú míochaine, a bhaint. Bhí céatadán an chineáil dúshaothraithe sin níos lú ná 1 % de na cásanna a cláraíodh san Aontas in 2021-2022.

2.5. Gáinneáil ar leanaí

Is cineál gáinneála ar dhaoine í an gháinneáil ar leanaí atá ag athrú go tapa agus atá ilghnéitheach, ar cineál tromchúiseach teacht i dtír ar dhaoine, foréigean in aghaidh leanaí, mí-úsáid leanaí agus sárú ar chearta an linbh í. In 2021-2022, ba shaoránaigh den Aontas iad 81 % de na híospartaigh linbh (2 401 leanbh) agus rinneadh dúshaothrú ar 88 % díobh (2 120 leanbh) ina mBallstát féin. B'íospartaigh linbh beagnach an cúigiú cuid de na híospartaigh chláraithe uile san Aontas (19 %). Tháinig laghdú 3 % ar sciar na n-íospartach linbh in 2021-2022 i gcomparáid leis an sciar in 2019-2020[42]. Tuairiscíonn roinnt Ballstát líon an-íseal íospartach linbh[43]. D'fhéadfadh an treocht laghdaitheach maidir le líon na n-íospartach linbh cláraithe a bheith nasctha leis an méadú ar theacht i dtír gnéasach ar líne, áit a bhfuil go leor íospartach fós i bhfolach. I roinnt Ballstát, níl íospartaigh linbh cláraithe mar íospartaigh gháinneála chun tacaíocht níos cuimsithí atá ar fáil do leanaí a chur ar fáil dóibh. Dá bhrí sin, ní fios fós fíorlíon na n-íospartach linbh dúshaothraithe agus d'fhéadfaí tearcthuairisciú a dhéanamh orthu. Go ginearálta, tá cúlra sóisialta agus teaghlaigh lag ag na híospartaigh. Bíonn fadhbanna easpa féinmheasa, síceolaíocha acu, is minic a dhéanann siad drugaí a thriail, agus bíonn siad nochtaithe do fhadhbanna forbartha fisiciúla, meabhracha, síceolaíocha gearrthéarmacha agus fadtéarmacha agus fadhbanna throma fhorbartha eile. Tá leanaí i gcúram cónaithe nó institiúideach an-leochaileach i leith na gáinneála.

Déantar gáinneáil ar leanaí san Aontas le haghaidh **gach cineál dúshaothraithe**, teacht i dtír gnéasach den chuid is mó**,** ach freisin le haghaidh coiriúlacht éigeantais, déircíneacht éigeantais, pósadh éigeantais agus dúshaothrú saothair[44]. Mar thoradh ar an digitiú, tá méadú, ar údar imní é, tagtha ar chásanna striapachais faoi aois as a n-eascraíonn gáinneáil. In a lán cásanna, is leanaí óga iad seo, atá an-ghníomhach ar líonraí sóisialta agus ar shuíomhanna cluichíochta agus dá bhrí sin tarraingíonn siad aird na ngáinneálaithe. Tháinig dúshaothrú 'airgead póca' chun cinn le linn phaindéim COVID-19, nuair a chuir gáinneálaithe ina luí ar chailíní óga ar líne a gcuid airgid póca a bhreisiú trí striapachas, rud as a n-eascraíonn dúshaothrú gnéasach. Scaipeadh an choir chomh forleathan sin sa Ghearmáin gur thug lucht forfheidhmithe an dlí ainm speisialta uirthi[45].

Is sampla é cás Trocadero sa Fhrainc inar aithin an Binse coiriúlacht éigeantais ar an gcéad dul síos mar chuspóir gáinneála ar dhaoine. Chruthaigh seachtar gáinneálaithe de chuid na hAilgéire andúil/spleáchas i ndrugaí i gcás seacht mionaoiseach déag gan tionlacan agus chuir siad iallach orthu coir a dhéanamh, goid sa áireamh, ar chearnóg cháiliúil Trocadero i bPáras.[46]

2.6. Gáinneáil ar dhaoine i gcomhthéacs na himirce

[42] Os a choinne sin, ar an leibhéal domhanda, tháinig méadú 31 % ar líon na n-íospartach linbh a braitheadh in 2022 i gcomparáid le 2019.
[43] An Bheilg, an Spáinn, Éire, an Ostair.
[44] Europol agus EMPACT OA 2.8.
[45] 2022 Bundeslagebild des Menschenhandels (Bundeskriminalamt).
[46] L'Avis sur la traite à des fins de contrainte à commettre tout crime ou délit (A - 2024-2) (cncdh.fr).

Sa tréimhse tuairiscithe, d'éirigh sciar na náisiúnach de chuid tír nach bhfuil san Aontas níos airde agus áiríodh ann formhór na n-íospartach gáinneála. In 2021-2022, ba shaoránaigh den Aontas iad 46 % de na híospartaigh chláraithe agus **bhí saoránacht neamh-AE ag 54 % díobh**. Léirítear leis sin athrú i gcomparáid le 2019-2020 nuair a bhí formhór na n-íospartach cláraithe ina saoránaigh den Aontas (55 % ina saoránaigh den Aontas agus 45 % ina náisiúnaigh de chuid tír nach bhfuil san Aontas).

Braitheann náisiúntacht agus inscne na n-íospartach neamh-AE go mór ar chineál an dúshaothraithe. Cé gur mná iad íospartaigh ón Nigéir, ó Chamarún, ón tSín agus ó thíortha Mheiriceá Laidinigh den chuid is mó agus go ndéantar gáinneáil orthu le haghaidh teacht i dtír gnéasach, is fir iad íospartaigh ó Mharacó, ón mBanglaidéis, ón bPacastáin, ó na hOileáin Fhilipíneacha, ón Ailgéir agus ón India den chuid is mó agus déantar dúshaothrú saothair orthu.

Le blianta beaga anuas, tuairiscíodh gur chuir grúpaí coiriúla foréigneacha ón Afraic iallach ar go leor mná agus cailíní ón Afraic i measc na n-imirceach a tháinig isteach sa Chipir agus i dtíortha in oirdheisceart na hEorpa striapachas a dhéanamh. Mar shampla, tháinig mná ón Nigéir, ón gCongó, ón gCamarún agus mná eile ón Afraic ar víosaí mac léinn go limistéar nach bhfuil faoi rialú rialtas na Cipire, agus cuireadh iallach orthu dul i mbun striapachais in árasáin phríobháideacha, i mbeáir agus i gclubanna oíche[47]. Ar an gcaoi chéanna, tagann mná ó Mheiriceá Laidineach agus ón Úcráin isteach san Aontas go dlíthiúil le haghaidh gearrfhanachta, agus téann siad i mbun striapachais le conarthaí a bhfuil an chuma orthu go bhfuil siad dleathach, rud a fhágann go minic go ndéantar dúshaothrú faoi dhianfhaireachas agus cuirtear srianta orthu an t-áitreabh a fhágáil. Ní hamháin go sroicheann íospartaigh gháinneála ón tSín agus ó thíortha Mheiriceá Laidinigh na Ballstáit chinn scríbe go díreach d'aer, is minic a thagann siad trí bhealach na mBalcán Thiar freisin[48].

Tá mionaoisigh neamhthionlactha go háirithe i mbaol agus leochaileach do gháinneálaithe. Idir 2018 agus 2022, tháinig méadú suntasach gach bliain ar líon na mionaoiseach neamhthionlactha a tháinig isteach san Eoraip, líon a shroich 15 928 in 2022. Déanann líonraí smuigleála agus gáinneála na hAfraice Thuaidh agus na hAfganastáine dúshaothrú ar bhuachaillí óga Afganastánacha, Maracacha, de chuid na hAilgéire nó na Túinéise, ag cur iallach orthu striapachas a dhéanamh nó dul i ngleic le foréigean gnéasach ar a mbealach imirce chuig an Aontas. Craoltar an dúshaothrú go minic ar na meáin shóisialta agus é mar chuspóir dúmhál a chur ar a dteaghlaigh chun airgead a fháil[49].

3. GNÍOMHAÍOCHTAÍ AN AONTAIS AGUS NA mBALLSTÁT CHUN AGHAIDH A THABHAIRT AR GHÁINNEÁIL AR DHAOINE

3.1. Cur chuige cuimsitheach chun aghaidh a thabhairt ar gháinneáil ar dhaoine

Le linn na tréimhse tuairiscithe, tá dul chun cinn suntasach déanta maidir leis na **tionscnaimh dhlíthiúla, airgeadais, oibríochtúla agus bheartais** a fógraíodh sna ceithre réimse de Straitéis an Aontais maidir le Gáinneáil ar Dhaoine a Chomhrac 2021-2025, tá siad fós ar siúl nó tá siad curtha chun feidhme cheana féin. Ar cheann de na gníomhaíochtaí tosaíochta i Straitéis an Aontais Eorpaigh bhí meastóireacht agus **athbhreithniú a**

[47] Ábhar ó Frontex.
[48] Ábhar ó Europol.
[49] An tArdán Eorpach Ildisciplíneach i gCoinne Bagairtí Coiriúla (EMPACT) 2.8.

dhéanamh ar Threoir 2011/36/AE[50]. Thug an Coimisiún aghaidh ar na móreasnaimh i dtogra reachtach a tíolacadh an 19 Nollaig 2022[51], a ghlac na comhreachtóirí an 13 Meitheamh 2024 agus a tháinig i bhfeidhm an 14 Iúil 2024. Beidh ar na Ballstáit na forálacha nua a thrasuí agus a chur chun feidhme faoin 15 Iúil 2026.

Seolfaidh an Coimisiún **Mol um Chomhrac na Gáinneála**, a fheidhmeoidh mar bhratardán chun tacú leis na Ballstáit an Treoir leasaithe agus an Straitéis a chur chun feidhme, chun treoirlínte a fhorbairt, chun dea-chleachtais a mhalartú, agus chun comhar a threisiú.

Tá **bailiú agus comhroinnt staitisticí** leis an gCoimisiún (EUROSTAT) éigeantach faoin Treoir leasaithe. Leis na sonraí is féidir tuiscint a fháil ar an staid agus ar na gníomhaíochtaí is gá agus cuirtear leis an ullmhúchán do thosaíochtaí an Aontais agus do thosaíochtaí náisiúnta a léirítear i **Straitéisí Náisiúnta agus i bPleananna Gníomhaíochta**[52], chomh maith le **treoirlínte**, **prótacail** agus **próisis**[53] atá dírithe ar thacaíocht a thabhairt do na páirtithe leasmhara ábhartha chun íospartaigh a bhrath, a shainaithint agus a chosaint. Áirítear sa Treoir leasaithe freisin oibleagáid nua ar na Ballstáit **plean gníomhaíochta náisiúnta um chomhrac na gáinneála** a ghlacadh agus a chur chun feidhme gach cúig bliana.

Cuirtear sonraí san áireamh freisin i leithdháileadh **acmhainní airgeadais** chun gáinneáil ar dhaoine a chomhrac. Cuimsítear leis an gcistiú atá beartaithe le linn na tréimhse tuairiscithe tríd an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht (AMIF)[54] agus an Ciste Slándála Inmheánaí (ISF)[55] buiséad iomlán de thart ar EUR 25 mhilliún in 2021-2024[56]. Mar shampla, as an EUR 25 mhilliún, bronnadh thart ar EUR 3.8 milliún faoi ISF ar chúig ghníomhaíocht thrasnáisiúnta arb é is aidhm dóibh samhail ghnó choiriúil na ngáinneálaithe ar dhaoine a bhriseadh trí fhorfheidhmiú an dlí agus freagairtí breithiúnacha i gcoinne na gáinneála ar dhaoine a neartú, go háirithe maidir le teacht i dtír ar leanaí agus dúshaothrú saothair[57]. Chomh maith leis sin, mar shampla, bronnadh thart ar EUR 4 mhilliún faoi AMIF ar shé thionscadal thrasnáisiúnta a bhí ag déileáil le cúnamh, tacaíocht agus lánpháirtiú íospartaigh na gáinneála ar dhaoine ó thír nach bhfuil san Aontas.

Ó thaobh na **hoibríochta** de, tá comhrac na gáinneála ar dhaoine comhtháite go hiomlán san Ardán Eorpach Ildisciplíneach i gCoinne Bagairtí Coiriúla (EMPACT), lena dtacaítear le gníomhaíochtaí ildisciplíneacha i gcoinne deich dtosaíocht coireachta a shainaithin an

---

[50] SWD/2022/427 final

[51] Togra ón gCoimisiún le haghaidh Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle lena leasaítear Treoir 2011/36/AE maidir le gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac agus na híospartaigh atá thíos léi a chosaint (COM/2022/732 final).

[52] An Rómáin, an Fhrainc, an Iodáil, an Ghréig, an tSlóivéin, an tSeicia, an Ísiltír.

[53] An Ghearmáin, an Chróit, an Ghréig, an Iodáil, an Liotuáin, Lucsamburg, an Laitvia.

[54] AMIF - Tá Clár Oibre na Saoráide Téamaí do 2021-2022 agus 2023-2023 ar fáil ar shuíomh gréasáin AS HOME: https://home-affairs.ec.europa.eu/funding/asylum-migration-and-integration-funds/asylum-migration-and-integration-fund-2021-2027_en.

[55] ISF - Tá Clár Oibre na Saoráide Téamaí do 2021-2022 agus 2023-2025 ar fáil ar shuíomh gréasáin AS HOME: https://home-affairs.ec.europa.eu/funding/internal-security-funds/internal-security-fund-2021-2027_en.

[56] Comhfhreagraíonn EUR 25 mhilliún don mhéid a bhí beartaithe, ach d'fhéadfadh an méid a cuireadh chun feidhme nó a gealladh a bheith difriúil. Cumhdaítear leis an méid sin cineálacha éagsúla gníomhaíochtaí i.e. gníomhaíochtaí an Aontais, gníomhaíochtaí sonracha agus soláthar.

[57] Tá liosta de dheontais an Aontais a mhaoinítear faoi AMIF agus ISF ar fáil ar Thairseach 'Cistiú agus Tairiscintí' an Aontais, faoin roinn 'Tionscadail arna gCistiú ag an Aontas' (europa.eu).

Chomhairle i gcomhthéacs thimthriall EMPACT[58]. Is é is aidhm dó cur isteach ar líonraí coiriúla a bhíonn ag gabháil do gháinneáil ar dhaoine le haghaidh gach cineál teacht i dtír. Le linn na tréimhse 2022-2025, tá 70 gníomhaíocht oibríochtúil san iomlán, le tacaíocht ó Ghníomhaireachtaí an Aontais, á ndéanamh chun spriocanna straitéiseacha a chur chun feidhme, amhail imscrúduithe comhpháirteacha ar dhúshaothrú saothair agus ar theacht i dtír gnéasach, coiriúlacht éigeantais, gáinneáil ar leanaí, imscrúduithe airgeadais a bhaineann le gáinneáil ar dhaoine chomh maith le faisnéis oibríochtúil agus straitéiseach maidir le gáinneáil ar dhaoine a bhailiú agus a mhalartú.

Thacaigh Eurojust le 66 Fhoireann Chomhpháirteach Imscrúduithe (JITanna) i gcásanna gáinneála[59]. Thuairiscigh roinnt Ballstát[60] ar rannpháirtíocht i bhFoirne Comhpháirteacha Imscrúduithe arna gcomhordú ag Eurojust, le Ballstáit an Aontais agus le Ballstáit nach Ballstáit den Aontas iad araon.

Ar deireadh, tá gá le **cur chuige il-gheallsealbhóra comhordaithe** chun gáinneáil a dhéanamh ar dhaoine . Treisíodh comhordú ar leibhéal an Aontais ó Chomhordaitheoir an Aontais um Chomhrac na Gáinneála[61] (AE ATC) sa Treoir leasaithe[62], lena bhforáiltear go sainráite do chomhordú le comhordaitheoirí náisiúnta um chomhrac na gáinneála, le comhlachtaí neamhspleácha, le Gníomhaireachtaí an Aontais, agus le heagraíochtaí ábhartha na sochaí sibhialta atá gníomhach sa réimse.

Tugtar aghaidh ar chomhordú ar an leibhéal náisiúnta freisin. Leis an Treoir leasaithe, tá feidhm na **gcomhordaitheoirí náisiúnta um chomhrac na gáinneála** éigeantach, tá gá le hacmhainní leordhóthanacha agus déantar cur síos ar na cúraimí[63]. Thairis sin, moltar do na Ballstáit **comhlachtaí náisiúnta neamhspleácha** a bhunú chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme agus ar thionchar na ngníomhaíochtaí um chomhrac na gáinneála. Mar shampla, d'ainmnigh an Ghearmáin Institiúid na Gearmáine um Chearta an Duine chun ról rapóirtéir náisiúnta neamhspleách maidir le gáinneáil ar dhaoine a chomhlíonadh, rud a fhágann go bhfuil 16 rapóirtéir náisiúnta san Aontas[64].

3.2. Gáinneáil ar dhaoine a chosc

3.2.1 An t-éileamh lena chothaítear an choir a laghdú

Cothaíonn an t-éileamh gach cineál dúshaothraithe ar dhaoine atá i staid leochaileach, rud a mbaineann gáinneálaithe leas as. Le **hathruithe reachtacha** i roinnt Ballstát, rinneadh coir as úsáid seirbhísí gnéis nó as aon seirbhísí a sholáthraíonn íospartaigh na gáinneála[65], agus bhí díospóireacht ag Ballstáit eile faoi choiriúlú den sórt sin a thabhairt isteach.

---

[58] Conclúidí ón gComhairle lena leagtar síos tosaíochtaí an Aontais don chomhrac i gcoinne na coireachta tromchúisí agus eagraithe le haghaidh EMPACT 2022-2025, https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-8665-2021-INIT/en/pdf. Féach freisin Timthriall Beartais an Aontais Eorpaigh - EMPACT | Europol (europa.eu).

[59] Chun tuilleadh eolais a fháil, féach Foirne Comhpháirteacha Imscrúduithe | Eurojust | Gníomhaireacht an Aontas Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (europa.eu).

[60] An Bhulgáir, an Fhionlainn, an Ghearmáin, an Ungáir, an Iodáil, an Liotuáin, Éire, Málta, an Spáinn agus an Rómáin, an tSlóvaic agus an tSlóivéin.

[61] Comhordaitheoir an Aontais Eorpaigh um Chomhrac na Gáinneála – an Coimisiún Eorpach (europa.eu).

[62] Airteagal 20 de Threoir 2024/1712/AE.

[63] Airteagal 19 de Threoir 2024/1712/AE.

[64] An Bheilg, an tSeicia, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, Éire, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, an Ísiltír, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóvaic, an Spáinn, an tSualainn.

[65] An Ungáir, an Ghearmáin, an Ísiltír.

In 2022, thuairiscigh ceithre Bhallstát 51 amhrastach agus 8 n-ionchúiseamh san iomlán maidir le húsáid seirbhísí íospartach. Le linn na tréimhse tuairiscithe, thuairiscigh an Chipir gur ciontaíodh úsáideoir amháin i bpríosún ar feadh 3 bliana as an gcion seirbhísí gnéasacha a fháil ó íospartach gáinneála ar dhaoine, agus thuairiscigh an Ungáir ciontú amháin as dúshaothrú striapachais leanaí.

Chun freagairt bheartais chomhleanúnach a fhorbairt chun dul i ngleic leis an éileamh lena gcothaítear gáinneáil ar dhaoine, agus chun iarrachtaí ceartais choiriúil ar fud na mBallstát a threisiú agus a chomhchuibhiú tuilleadh, rinneadh éigeantach leis an Treoir leasaithe do na Ballstáit **coiriúlú a dhéanamh ar úsáid eolach seirbhísí dúshaothraithe**[66]. Tugtar treoraíocht sna haithrisí sa Treoir leasaithe le táscairí chun an 't-eolas' a ghlacadh mar thátal bunaithe ar imthosca oibiachtúla fíorasacha[67]. Cuimsítear leis an Treoir gach cineál dúshaothraithe, áit a gcuireann íospartach gáinneála seirbhís ar fáil. Níl feidhm aige, áfach, maidir le custaiméirí a cheannaíonn earraí a tháirgeann íospartaigh na gáinneála.

3.2.2 Bearta coisctheacha atá dírithe ar dhaoine dlítheanacha

Glacadh roinnt beart reachtach ar leibhéal an Aontais, arb é is aidhm dóibh aghaidh a thabhairt ar fhreagracht cuideachtaí, lena n-áirítear ardáin ar líne, an t-éileamh a laghdú agus cásanna féideartha gáinneála ar dhaoine ina ngníomhaíochtaí agus ina slabhraí soláthair a bhrath.

Cuideoidh an **Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha**[68], a glacadh an 19 Deireadh Fómhair 2022, le hábhar ar líne a bhaineann le gáinneáil ar dhaoine a bhrath, faireachán a dhéanamh air agus é a bhaint[69]. D'ainmnigh an Coimisiún 'Ardáin an-Mhór ar Líne' agus 'Innill Chuardaigh an-Mhór', lena n-áirítear ceithre shuíomh gréasáin do dhaoine fásta[70], atá faoi réir oibleagáidí dochta maidir le rioscaí sistéamacha a shainaithint, a mheasúnú agus a mhaolú chomh maith le bearta trédhearcachta, uirlisí tuairiscithe inrochtana agus sásraí gearáin. Ina theannta sin, ní mór do gach ardán ar líne agus inneall cuardaigh bearta iomchuí a chur i bhfeidhm chun ardleibhéal príobháideachais, sábháilteachta agus slándála mionaoiseach a áirithiú agus chun ábhar neamhdhleathach a chur in iúl d'fhorfheidhmiú an dlí má thagann siad ar an eolas faoi chionta coiriúla amhrasta. Thairis sin, leis an **Treoir leasaithe um Chomhrac na Gáinneála**, tháinig teacht i dtír gnéasach a rinneadh, nó a éascaíodh, le teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, chun bheith ina **imthoisc ghéaraitheach**, rud a d'fhéadfadh pionóis níos airde a bheith mar thoradh air, agus méadú an chiona a rinneadh leis na teicneolaíochtaí sin á chur san áireamh, chomh maith leis an tionchar fadtéarmach a d'fhéadfadh a bheith aige ar na híospartaigh.

Tá an **Treoir maidir le dícheall cuí inbhuanaitheachta corparáidí**[71] an 13 Meitheamh 2024 comhlántach le Treoir 2011/36/AE. Leagtar amach ann creat cothrománach chun rannchuidiú gnólachtaí agus a bhfochonraitheoirí atá ag feidhmiú sa mhargadh aonair le hurraim do chearta an duine agus don chomhshaol a chothú trína n-oibríochtaí féin agus

[66] Airteagal 18a de Threoir 2024/1712/AE.
[67] Aithris 27 de Threoir 2024/1712/AE.
[68] Rialachán 2022/2065/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha) (IO L 277, 27.10.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/2065/oj).
[69] Aithris 56 den Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha.
[70] Pornhub, Stripchat, XVideos, agus XNXX.
[71] Treoir (AE) 2024/1760 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le dícheall cuí inbhuanaitheachta corparáidí agus lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937 agus Rialachán (AE) 2023/2859 (Téacs atá ábhartha maidir le LEE) (IO L, 2024/1760, 5.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1760/oj).

trína slabhraí soláthair. Ní mór do ghnólachtaí, faoi raon feidhme na Treorach, gabháil dá ndrochthionchair ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol, lena n-áirítear gáinneáil ar dhaoine, a shainaithint, a chosc, a mhaolú agus cuntas a thabhairt orthu.

An 27 Samhain 2024, glacadh an **Rialachán maidir le táirgí arna ndéanamh le saothar éigeantais a thoirmeasc ar mhargadh an Aontais**[72] . Cumhdaítear leis táirgí intíre agus allmhairithe a tháirgtear le saothar éigeantais. Ag tógáil ar chaighdeáin idirnáisiúnta agus ag comhlánú thionscnaimh chothrománacha agus earnála an Aontais atá ann cheana, go háirithe na hoibleagáidí díchill chuí agus trédhearcachta, meastar go gcomhcheanglófar leis an Rialachán toirmeasc le creat forfheidhmiúcháin láidir rioscabhunaithe.

I mí Dheireadh Fómhair 2023, thíolaic an Coimisiún **Treochlár an Aontais maidir leis an gcomhrac i gcoinne na gáinneála ar dhrugaí agus na coireachta eagraithe**[73], ina moltar 17 ngníomhaíocht oibríochtúla feadh ceithre cholún, a mbaineann ceann amháin acu le cosc na coireachta. Sa chás sin, tugtar tús áite sa Treochlár do bhearta a chur chun cinn chun cosc a chur ar dhaoine óga agus ar leanaí a bheith á n-earcú ag dronganna coiriúla, ós rud é go ndéanann líonraí coiriúla, lena n-áirítear gáinneálaithe drugaí, dúshaothrú ar dhaoine óga leochaileacha nó fiú ar leanaí chun gníomhaíochtaí coiriúla a dhéanamh, go háirithe gáinneáil ar dhrugaí[74]. Ar an leibhéal náisiúnta, tá bearta déanta ag na Ballstáit cheana féin chun go ndéanfaidh cuideachtaí dícheall cuí feadh a slabhra soláthair chun dúshaothrú saothair féideartha a bhrath agus a chosc[75]. Chloígh roinnt Ballstát le Treoirlínte ECFE maidir le Fiontair Ilnáisiúnta le haghaidh Iompar Gnó Freagrach nó thug siad cothrom le dáta[76] iad nó chuir siad forálacha speisialta maidir leis an ábhar sin san áireamh ina bPleananna Gníomhaíochta Náisiúnta maidir leis an ngáinneáil ar dhaoine a chomhrac[77]. D'eagraigh roinnt Ballstát[78] comhdhálacha agus oiliúint do chuideachtaí maidir le dícheall cuí corparáideach, agus ghlac Ballstáit eile rialacha níos déine lena ngearrtar pionós ar ghnólachtaí as iompraíochtaí dúshaothraithe[79] nó d'fhoilsigh siad treoir ar líne maidir le conas riosca an dúshaothraithe saothair a íoslaghdú[80].

Maidir le cionta dúshaothraithe saothair, chuir an Fhrainc scéim 'dúliostaithe' i bhfeidhm, is é sin. foilseachán ar shuíomh gréasáin tiomnaithe de chuid na hAireachta Saothair[81], ina bhfuil cinntí críochnaitheacha ón gCúirt lena gcáintear duine dlítheanach.

3.2.3 Feachtais múscailte feasachta

An 18 Deireadh Fómhair 2023, ar Lá an Aontais um Chomhrac na Gáinneála', sheol an Coimisiún Eorpach an **feachtas 'Deireadh a chur leis an ngáinneáil ar dhaoine. Bris an**

---

[72] Rialachán (AE) 2024/3015 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2024 maidir le táirgí arna ndéanamh le saothar éigeantais a thoirmeasc ar mhargadh an Aontais agus lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937 (IO L, 2024/2015, 12.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/3015/oj).

[73] Treochlár an Aontais chun gáinneáil ar dhrugaí agus coireacht eagraithe a chomhrac (europa.eu).

[74] COMHDHÁIL EORPACH UM CHOSC NA COIREACHTA 2024 |Thug EUCPN aghaidh ar dhúshaothrú daoine óga chun críoch coiriúil, go háirithe maidir le gáinneáil ar dhrugaí.

[75] Sa Ghearmáin, tháinig an Gníomh um Dhícheall Cuí Corparáideach i Slabhraí Soláthair i bhfeidhm an 1 Eanáir 2023. Tá Éire ag obair i dtreo reachtaíocht den chineál céanna a ghlacadh. Ina theannta sin, bhunaigh an Ghearmáin Lárionad Seirbhíse laistigh de Chomhlachas Tráchtála agus Tionscail na Gearmáine, a sholáthraíonn ionchuir go rialta do chuideachtaí atá bunaithe sa Ghearmáin maidir leis an mbaol go ndéanfaí dúshaothrú saothair, saothar éigeantais agus gáinneáil ar dhaoine.

[76] An tSeicia, an Fhionlainn.

[77] An tSloivéin.

[78] An Bhulgáir, an Fhionlainn, an Pholainn.

[79] an Bhlugáir.

[80] an Danmhairg.

[81] Liosta de dhaoine ciontaithe (travail-emploi.gouv.fr).

slabhra dofheicthe"[82]. Is é is aidhm don fheachtas seo feasacht a mhúscailt maidir le gáinneáil ar dhaoine, lena n-áirítear teacht i dtír gnéasach agus dúshaothrú saothair araon. Sa chéad chéim, chruthaigh an Coimisiún leathanach feachtais, inar chuir sé físeán ar líne agus ábhair ar líne ar fáil i ngach teanga oifigiúil ar féidir le gach duine iad a úsáid gan bhac. Tá an dara céim á hullmhú faoi láthair. Díreofar ar na Ballstáit ina bhfuil an líon is airde íospartach agus ina léirítear na cineálacha éagsúla gáinneála[83].

Bhí Gníomhaireachtaí an Aontais i mbun múscailt feasachta freisin le linn na tréimhse tuairiscithe. D'fhoilsigh Europol treoir maidir leis an mbealach chun 'lover-boys' a sheachaint[84], agus chuir an tÚdarás Eorpach Saothair (ELA) físeán agus roinnt bileoga le chéile[85] chun feasacht a mhúscailt ar na rioscaí a bhaineann le gáinneáil ar dhaoine don dúshaothrú saothair agus béim á leagan aige ag an am céanna ar a thacaíocht d'fhorfheidhmiú dhlí saothair an Aontais is infheidhme trí chigireachtaí comhbheartaithe agus comhpháirteacha a chomhordú.

Rinne na Ballstáit[86] feachtais múscailte feasachta ar gháinneáil ar dhaoine trí na meáin shóisialta, físeáin, bileoga, póstaeir, na meáin agus i scoileanna, i measc rudaí eile. Rinne roinnt Ballstát[87] feachtais múscailte feasachta maidir le cearta saothair agus deiseanna oibre sábháilte, chomh maith leis na rioscaí a bhaineann le gáinneáil le haghaidh dúshaothrú saothair in earnálacha éagsúla. Chuir roinnt Ballstát[88] feachtais feasachta i bhfeidhm lenar díríodh ar chliaint ar na meáin shóisialta, ar shuíomhanna gréasáin chomórtha agus ar ardáin fógraíochta le haghaidh seirbhísí gnéis. Mar shampla, sheol an Rómáin feachtas idirnáisiúnta um chosc 'Gan cliaint, níl aon gháinneáil ann!', a rinneadh i gcomhpháirtíocht le Póilíní na Rómáine agus na Spáinne. Thug an tSlóvaic aghaidh go sonrach ar an bpobal Romach sa teanga Romach maidir leis na rioscaí a bhaineann le pósadh éigeantais.

I gcomhthéacs Chluichí Oilimpeacha agus Para-Oilimpeacha Pháras 2024, rinne an Misean Idir-aireachta um Chosaint na mBan ar Fhoréigean agus um an gComhrac in aghaidh Gáinneáil ar Dhaoine (MIPROF) bearta cuimsitheacha chun gáinneáil ar dhaoine a chosc, agus an méid seo a leanas san áireamh: (i) oiliúint a tógadh i gcomhar le Scoil Náisiúnta na Giúistíseachta agus é mar chuspóir oideachas a chur orthu siúd go léir a thagann i dteagmháil le híospartaigh ionchasacha, agus a áirithiú go bhfuil eolas maith acu agus go bhfuil siad réidh le gníomhú; (ii) rannpháirtíocht leis an earnáil phríobháideach, go háirithe

---

[82] Deireadh a chur leis an ngáinneáil ar dhaoine. An slabhra dofheicthe a bhriseadh – An Coimisiún Eorpach (europa.eu). Is iad na cuspóirí a bhaineann leis (i) oideachas a chur ar an bpobal chun gáinneáil ar dhaoine a aithint agus a thuairisciú agus chun daoine a dhíspreagadh ó sheirbhísí daoine a ndéantar gáinneáil orthu a úsáid; (ii) íospartaigh ionchasacha a chur ar an eolas faoi bhagairtí agus rioscaí na gáinneála ar dhaoine agus cosc a chur orthu a bheith ina n-íospartaigh; (iii) fostóirí a chur ar an eolas faoin ngáinneáil ar dhaoine agus iad a dhíspreagadh ó dhaoine a ndéantar gáinneáil orthu a fhostú; agus (iv) íospartaigh gháinneála a chur ar an eolas faoina gcearta agus faoin gcabhair atá ar fáil.

[83] An Bhulgáir, an Spáinn, an Fhrainc, an Ungáir, an Iodáil agus an Ísiltír.

[84] How not to fall for the lover boy scam | [An bealach chun camscéim *lover-boy* a sheachaint] Europol (europa.eu).

[85] Iompar cothrom de bhóthar | An tÚdarás Eorpach Saothair (europa.eu), An tAontas Eorpach ar mhaithe le tógáil chothrom | An tÚdarás Eorpach Saothair (europa.eu), Cearta na n-oibrithe séasúracha| An tÚdarás Eorpach Saothair (europa.eu).

[86] An Bheilg, an Bhulgáir, an Chróit, an Fhionlainn, an Ungáir, Lucsamburg, an Laitvia, Málta, an Ísiltír, an Phortaingéil, an Rómáin agus an Spáinn.

[87] An Ostair, an Bhulgáir, an Chróit, an Chipir, an Danmhairg, an Ghréig, an Iodáil, Éire, an Ísiltír, an Pholainn agus an Spáinn.

[88] An Rómáin, an Ungáir, an Spáinn, an tSualainn, Éire, an Rómáin, an Pholainn.

ardáin cíosa ghearrthéarma agus cuideachtaí iompair[89] chun feasacht a mhúscailt maidir leis na rioscaí agus na cineálacha gáinneála ar dhaoine agus iad a íogrú maidir le dícheall cuí; (iii) feachtas cumarsáide chun feasacht a mhúscailt i measc turasóirí ón gcoigríoch maidir leis na rioscaí a bhaineann le gáinneáil ar dhaoine[90].

3.2.4 Oiliúint

Spreagtar oiliúint speisialaithe a thuilleadh leis an Treoir leasaithe, lena gceanglaítear ar na Ballstáit oiliúint rialta agus speisialaithe a chur chun cinn do ghairmithe ar dócha go mbeidh teagmháil acu le híospartaigh ionchasacha na gáinneála ar dhaoine, chun a chur ar a gcumas gáinneáil a chosc agus a chomhrac agus íospairt thánaisteach a sheachaint. Le linn na tréimhse tuairiscithe, thairg na Ballstáit raon leathan gníomhaíochtaí oiliúna do pháirtithe leasmhara éagsúla, lena n-áirítear údaráis forfheidhmithe dlí agus bhreithiúnacha, gardaí teorann, oifigigh tearmainn agus inimirce, gairmithe sláinte, oibrithe sóisialta, cigirí sóisialta agus saothair, foireann chonsalach, foireann bardas, chomh maith le freastalaithe eitilte, chun a chur ar a gcumas cásanna gáinneála a bhrath, íospartaigh fhéideartha a shainaithint, na hagallaimh a dhéanamh agus iad a chur ar an eolas faoi bhearta tacaíochta agus faoi na córais atreoraithe.

Ar leibhéal an Aontais, d'fhorbair roinnt Gníomhaireachtaí de chuid an Aontais gníomhaíochtaí oiliúna spriocdhírithe. Lean Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí (CEPOL) de ghníomhaíochtaí oiliúna a chur ar fáil chun líonra imscrúdaitheoirí coiriúla a chothú ar fud Bhallstáit an Aontais agus chun éifeachtacht an chomhair oibríochtúil trasteorann a fheabhsú go díreach. Cumhdaítear le gníomhaíochtaí oiliúna ilghnéitheacha príomhghnéithe na coiriúlachta a mhéid a bhaineann leis an gcomhrac i gcoinne na gáinneála ar dhaoine, go háirithe teacht i dtír gnéasach, lena n-áirítear gáinneáil ar líne, dúshaothrú saothair, chomh maith le comhtháthú teicnící imscrúdaithe speisialta agus imscrúduithe airgeadais agus imscrúduithe ar líne. Chuir ELA roinnt modúl oiliúna ar fáil freisin agus d'fhorbair sé lámhleabhair oiliúna maidir le dúshaothrú saothair do chigirí saothair. Chuir an Ghníomhaireacht um Chearta Bunúsacha (FRA) lámhleabhar oiliúna ar fáil freisin chun oiliúint a chur ar chigirí saothair agus ar chomhlachtaí cigireachta eile san ionad oibre, ag díriú ar na caighdeáin chosanta i ndlí an Aontais lena gcosnaítear cearta oibrithe tríú tír, lena n-áirítear oibrithe séasúracha, oibrithe imirceacha a bhfuil ceadanna sealadacha acu agus imircigh atá i staid neamhrialta[91].

Chuir an Gréasán Eorpach um Oiliúint Bhreithiúnach (GEOB)[92] oiliúint ar fáil do bhreithiúna agus d'ionchúisitheoirí maidir leis na gnéithe breithiúnacha den dúshaothrú saothair agus na dúshláin ar leith a bhaineann leis na himeachtaí coiriúla.

Chomh maith leis sin, chuir CEPOL, ELA agus EJTN iarrachtaí le chéile in idirghabhálacha oiliúna agus aird ar leith á tabhairt ar chosaint íospartach agus ar chearta bunúsacha.

---

[89] Airbnb, Gîtes de France, AirFrance, Vinci, Volotea.

[90] Feachtas feasachta: Fighting the purchase of sexual acts and human trafficking during the Olympic and Paralympic Games Paris 2024 | [Ceannach gníomhíochtaí gnéasacha agus gáinneáil ar dhaoine a chomhrac le linn na gCluichí Oilimpeacha agus Para-Oilimpeacha i bPáras 2024] Comhionannas inscne (egalite-femmes-hommes.gouv.fr).

[91] *How workplace inspectors can protect third-country workers' rights - Training manual* [An chaoi ar féidir le cigirí san ionad oibre cearta oibrithe tríú tír a chosaint — Lámhleabhar oiliúna]

[92] An Gréasán Eorpach um Oiliúint Bhreithiúnach (GEOB).

3.3. Samhail ghnó choiriúil na ngáinneálaithe a bhriseadh

3.3.1 Imscrúduithe

Déanann grúpaí coireachta eagraithe níos mó gáinneáil ar dhaoine chomh maith le líonraí níos lú nó fiú daoine aonair. Ina thuarascáil maidir leis na líonraí coiriúla is bagraí san Aontas[93], shainaithin Europol gurb é teacht i dtír gnéasach an t-aon phríomhghnó le haghaidh ocht líonra choiriúla dhéag, dúshaothrú saothair le haghaidh trí líonra déag[94] agus cineálacha eile gáinneála le haghaidh cúig líonra. Comhcheanglaíonn líonraí coiriúla iomadúla gáinneáil ar dhaoine le réimsí coireachta eile, amhail gáinneáil ar dhrugaí, coireacht mhaoine eagraithe, calaois doiciméad agus aitheantais agus smuigleáil imirceach. Is é is aidhm do na gníomhaíochtaí oibríochtúla a leagtar amach i **dTreochlár an Aontais maidir leis an gcomhrac i gcoinne na gáinneála ar dhrugaí agus na coireachta eagraithe**[95] dul i ngleic leis na líonraí coiriúla ardriosca sin, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil baint acu leis an ngáinneáil ar dhaoine.

Chun freagairt d'fhorbairtí eile atá ag teacht chun cinn, tugtar isteach roinnt gnéithe nua leis an **Treoir leasaithe** arb é is aidhm dóibh **cineálacha nua gáinneála** a choiriúlú, pionóis níos déine a shocrú agus saineolas agus cumais lucht forfheidhmithe an dlí agus an ionchúisimh sna Ballstáit a mhéadú. Luaitear go sainráite dúshaothrú na máthairionadaíochta, dúshaothrú an phósta éigeantais agus dúshaothrú an uchtaithe neamhdhleathaigh mar chineálacha dúshaothraithe a d'fhéadfadh a bheith incháilithe mar gháinneáil ar dhaoine a mhéid a chomhlíontar na gnéithe eile den sainmhíniú (iompar agus meán).

D'fhan **an comhar i bhforfheidhmiú an dlí** dian le linn na tréimhse 2021-2024[96], ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta araon, rud a léirítear sa **mhéadú leanúnach 16 %** ar líon iomlán na **ndaoine aonair a bhfuil amhras fúthu** go ndearna siad gáinneáil ar dhaoine, i gcomparáid leis an tréimhse tuairiscithe roimhe sin[97]. Bhí sciar de shaoránaigh an Aontais ag 72 % i measc na hamhrastaigh uile a cláraíodh san Aontas in 2022.

Tá an gháinneáil ar dhaoine ar cheann de thosaíochtaí an **Ardáin Eorpaigh Ildisciplínigh i gCoinne Bagairtí Coiriúla (EMPACT)**. In 2024, tá 22 ghníomhaíocht oibríochtúla i gceist le EMPACT THB. In 2023 d'éirigh go han-mhaith le gníomhaíochtaí oibríochtúla EMPACT agus tháinig feabhas seasta ar thorthaí na ngníomhaíochtaí sin i dtéarmaí líon méadaitheach na laethanta comhghníomhaíochta, na dtascfhórsaí oibríochtúla agus na dtorthaí oibríochtúla, is é sin 7 536 íospartach (fhéideartha) agus os cionn 5 000 amhrastach a shainaithint chomh maith le 103 imscrúdú airgeadais a sheoladh agus EUR 4 108 670 a urghabháil[98].

---

[93] Decoding the EU's most threatening criminal networks | [Na líonraí coiriúla is mó bagairt san Aontas a dhíchódú] Europol (europa.eu).

[94] Is sa Ghearmáin, san Ísiltír, sa Pholainn agus san Úcráin den chuid is mó a oibríonn líonraí coiriúla atá gníomhach sa gháinneáil le haghaidh dúshaothrú saothair. Is iad náisiúntachtaí na Seoirsia, na Rómáine, na Rúise, na hÚcráine agus na hÚisbéiceastáine na náisiúntachtaí is mó a ndéantar ionadaíocht orthu laistigh de líonraí atá ag gabháil don chineál seo gáinneála.

[95] Treochlár an Aontais chun gáinneáil ar dhrugaí agus an choireacht eagraithe a chomhrac (europa.eu).

[96] Thacaigh Europol le 80 cruinniú oibríochtúil in 2023, 23 Lá Gníomhaíochta Oibríochtúla Comhpháirtí agus 2 Thascfhórsa Oibríochtúla.

[97] Cláraíodh 17 711 amhrastach in 2021-22 i gcomparáid le 15 214 amhrastach sa tréimhse 2019-2020 agus 11 788 in 2017-2018.

[98] empact-factsheets-2023.pdf (europa.eu).

Thacaigh EMPACT freisin le cineálacha cur chuige nuálacha maidir le **himscrúduithe digiteacha**, go háirithe i bhfoirmeacha **Haiceatón**, rud a chuidigh le hardáin ar líne a shainaithint inar tharla dúshaothrú gnéasach nó dúshaothrú saothair agus a chuidigh leis na Ballstáit anailís a dhéanamh ar mhéid mór sonraí digiteacha ó na meáin a coigistíodh le linn imscrúduithe. As 20 tír a tháinig isteach in 2022, áiríodh leis an ngníomhaíocht 26 thír in 2023 agus 27 dtír in 2024, lena n-áirítear comhpháirtithe ó thíortha comharsanachta nach Ballstáit den Aontas iad[99]. Bunaíodh leis an ngníomhaíocht cur chuige struchtúrtha maidir le gné ar líne na gáinneála ar dhaoine, ó earcaíocht go híospartaigh fhéideartha a shainaithint agus dúshaothrú na n-íospartach sin go gáinneálaithe agus grúpaí coiriúla a bhrath. Bhí siad an-úsáideach, mar tar éis an Hackathon, laghdaigh an trácht go mór ar na suíomhanna gréasáin a seiceáladh.

Tá an Haiceatón ríthábhachtach chun oiliúint a chur ar speisialtóirí um chomhrac na gáinneála' sna Ballstáit agus tá uirlisí digiteacha ag gabháil leis ar féidir iada úsáid ina gcuid oibre laethúla. Ghlac na Ballstáit[100] straitéisí éagsúla chun cásanna gáinneála ar dhaoine a éascaítear trí úsáid na teicneolaíochta a bhrath agus a imscrúdú. Áirítear orthu sin faireachán a dhéanamh ar an idirlíon (an gréasán dromchla agus an gréasán dorcha araon) in éineacht le hanailís faisnéise foinse oscailte fíor-ama, ransaitheoirí ghréasáin a chur in úsáid, oibríochtaí ceilte, ach freisin comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chruthú le soláthraithe suíomhanna gréasáin do dhaoine fásta agus le cuideachtaí míosa ghearrthéarmaigh[101].

Rinneadh iarrachtaí ar an leibhéal Eorpach chun feabhas a chur ar an úsáid a bhaintear as **imscrúduithe airgeadais.** Faoi chuimsiú EMPACT, d'fhorbair na Ballstáit, in éineacht le Europol, lámhleabhar a bhí tiomnaithe d'imscrúduithe airgeadais in imscrúduithe ar gháinneáil ar dhaoine. Thairis sin, sheol Europol Financial Intelligence Public Private Partnership [Comhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí um Fhaisnéis Airgeadais Europol] (EFIPPP) sruth oibre maidir le táscairí a fhorbairt le haghaidh faireachán uathoibríoch ar idirbhearta[102]. D'ainneoin coigistiú a bheith ag méadú, measann Europol gur bearna mhór faisnéise é an easpa sonraí airgeadais cuimsitheacha a bhaineann le cionta gáinneála ar dhaoine. Chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán sin, ní mór do ghníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí feabhas a chur ar a dtuiscint, feabhas a chur ar an gcomhar idirnáisiúnta, infheistíocht a dhéanamh in acmhainní speisialaithe, agus feasacht a mhúscailt i measc institiúidí agus pobail airgeadais[103]. Ar an leibhéal náisiúnta, thuairiscigh na Ballstáit comhar níos láidre leis an earnáil airgeadais, trí tháscairí gáinneála a bhunú, trí chomhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha a chruthú nó trí chomhar níos rialta[104].

Ar leibhéal an Aontais, d'fhonn **dúshaothrú saothair a chosc agus fógraí calaoiseacha poist a bhrath**, d'fhoilsigh Europol treoir ina mínítear na táscairí is coitianta[105]. Thacaigh ELA le húdaráis saothair na mBallstát cigireachtaí trasteorann, comhbheartaithe agus comhpháirteacha saothair a dhéanamh le forfheidhmiú an dlí chun dul i ngleic le hobair neamhdhearbhaithe. Díríodh dhá ghníomhaíocht oibríochtúla de chuid EMPACT go

[99] An Úcráin, an Mholdóiv, an Albáin, an Ríocht Aontaithe, an Chosaiv, an tSeirbia.
[100] Éire, an Spáinn, an Fhrainc, an Chróit agus an Ísiltír.
[101] An Ostair, an Ungáir, an Ghearmáin, an tSualainn, an Pholainn, an Fhionlainn, an Chróit, an tSlóvaic
[102] Leathanach Baile EFIPPP - EFIPPP.
[103] Ábhar ó Europol.
[104] Tionscadal Helena san Ungáir, sa Danmhairg, sa Bheilg, san Ostair.
[105] How to spot fake job adverts | [Conas fógraí poist bréige a thabhairt faoi deara] Europol (europa.eu).

heisiach ar dhúshaothrú saothair, go háirithe ar thacaíocht d'íospartaigh agus ar an talmhaíocht mar earnáil ardriosca.

Le Treoir 2024/1260 maidir le haisghabháil agus coigistiú sócmhainní an 24 Aibreán 2024[106] treisítear cumas na bpóilíní, na n-ionchúisitheoirí agus na mbreithiúna an brabús a ghnóthaíonn grúpaí coiriúla eagraithe trína ngníomhaíochtaí aindleathacha a rianú agus a choigistiú, lena n-áirítear trí gháinneáil ar dhaoine. Leis an Treoir neartófar an comhar póilíneachta trasteorann freisin trí sheoladh imscrúduithe rianaithe sócmhainní i gcásanna coireachta eagraithe a dhéanamh éigeantach. Leis an Treoir leathnófar na féidearthachtaí do chúirteanna sócmhainní aindleathacha a choigistiú, lena n-áirítear trí rachmas neamhmhínithe a choigistiú gan chiontú i gcás inar deimhin le cúirt gur gnóthaíodh an mhaoin atá i gceist ó iompar coiriúil. Leis an méid sin go léir, ba cheart go mbeifí in ann cur isteach ar shamhlacha gnó grúpaí coiriúla eagraithe, a struchtúir a dhíchóimeáil agus cosc a chur orthu tuilleadh gníomhaíochtaí coiriúla a dhéanamh.

Tháinig **Córas Faisnéise Schengen (SIS)**[107] athnuaite i bhfeidhm an 7 Márta 2023[108] lenar tugadh isteach catagóirí nua foláirimh, ar ceann acu sin na 'foláirimh choisctheacha', mar a thugtar orthu, maidir le daoine leochaileacha ar gá iad a chosc ó bheith ag taisteal[109]. Tá na foláirimh maidir le daoine leochaileacha atá in aois agus leanaí le hiontráil in SIS tar éis cinneadh ó na húdaráis náisiúnta inniúla, lena n-áirítear na húdaráis bhreithiúnacha. I gcás ina bhfuil baol ann go ndéanfar gáinneáil ar dhuine leochaileach atá in aois nó ar leanbh, is féidir a taisteal/thaisteal a chosc, agus ba cheart an duine a chur faoi chosaint. Gné thábhachtach eile de SIS is ea cineálacha nua bithmhéadrachta a chur leis (amhail méarmharcanna, agus loirg dearnan, chomh maith le taifid DNA atá nasctha le daoine atá ar iarraidh) chun cabhrú le daoine a iontráiltear sa chóras a aimsiú agus a shainaithint[110].

Ar deireadh, in ainneoin comhar trasteorann níos déine agus rannpháirtíocht Europol i roinnt imscrúduithe níos casta in 2021 agus 2022, tá difríocht shuntasach idir na staitisticí arna tháirgeadh ag Europol agus na staitisticí oifigiúla arna fhoilsiú ag EUROSTAT, go háirithe maidir le líon, aois agus náisiúntacht na n-íospartach, cineálacha dúshaothraithe agus an líon amhrastach. Cé go bhfuil cúiseanna oibiachtúla leis na neamhréireachtaí sin[111], is gá béim a leagan ar an gceanglas atá ar na Ballstáit an fhaisnéis agus na sonraí ábhartha a chomhroinnt go tráthúil le Europol.

---

[106] Treoir (AE) 2024/1260 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Aibreán 2024 maidir le haisghabháil agus coigistiú sócmhainní (IO L 2024/1260, 2.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1260/oj). .

[107] Córas Faisnéise Schengen – an Coimisiún Eorpach (europa.eu).

[108] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/201 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2023 lena leagtar síos an dáta a chuirfear tús le hoibríochtaí Chóras Faisnéise Schengen de bhun Rialachán (AE) 2018/1861 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) 2018/1862 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 27, 31.1.2023, lch. 29, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2023/201/oj).

[109] Rialachán (AE) 2018/1862 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Samhain 2018 maidir le Córas Faisnéise Schengen (SIS) a bhunú, a oibriú agus a úsáid i réimse an chomhair póilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1986/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinneadh 2010/261/AE ón gCoimisiún (IO L 312, 7.12.2018, lch. 56, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1862/oj)

[110] Is é eu-LISA a oibríonn SIS.

[111] Déanann údaráis agus eagraíochtaí éagsúla sna Ballstáit íospartaigh a chlárú, ar cuid den bhailiúchán oifigiúil staidrimh iad, agus ní thuairiscíonn ach údaráis forfheidhmithe dlí cásanna do Europol. De ghnáth, ní dhéanann údaráis náisiúnta um fhorfheidhmiú an dlí cásanna intíre a thuairisciú do Europol ach déanann siad cásanna a bhfuil gné thrasteorann ag baint leo a thuairisciú do Europol.

3.3.2 Ionchúisimh agus ciontuithe

Tá méadú tagtha ar an líon iomlán daoine a ionchúisítear agus a chiontaítear as gáinneáil ar dhaoine. In 2021-2022, ar an iomlán, ionchúisíodh 8 804 dhuine agus ciontaíodh 4 728 nduine as gáinneáil ar dhaoine. Tá méadú 35 % tagtha ar ionchúisimh[112] agus tá méadú 57 % tagtha ar chiontuithe[113], i gcomparáid leis an tréimhse tuairiscithe roimhe seo 2019-2020. Ba shaoránaigh den Aontas iad 81 % de na daoine uile a ionchúisíodh agus 74 % de na daoine uile a ciontaíodh in 2022. Mar sin féin, **in ainneoin an mhéadaithe iomláin, tá an líon iomlán ionchúisimh agus ciontuithe fós íseal**, go háirithe i gcomparáid leis an líon íospartach cláraithe agus an líon amhrastach.

Léiríonn líon na n-imscrúduithe agus na n-ionchúiseamh arna gcomhordú ag Eurojust treocht laghdaitheach ó 2019 i leith[114], rud a d'fhéadfadh aird a tharraingt ar dheacrachtaí nó easpa feasachta na mBallstát maidir le cásanna a tharchur chuig Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh. D'fhéadfadh sé tarlú freisin toisc go dtógann sé am agus acmhainní fianaise a bhailiú chun coir a shainaithint mar gháinneáil ar dhaoine, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le Ballstáit tosaíocht a thabhairt d'imscrúdú agus d'ionchúiseamh déantóirí coire faoi chionta eile.

Chuir roinnt Ballstát bearta chun feidhme chun éifeachtacht an ionchúisimh a mhéadú trí oiliúint, treoirlínte agus cleachtais aonfhoirmeacha[115]. Ar leibhéal an Aontais, le linn na tréimhse tuairiscithe, **tháinig Grúpa Fócais na n-ionchúisitheoirí speisialaithe** le chéile trí huaire (uair sa bhliain)[116] ó bunaíodh é, faoi chomhchathaoirleach Eurojust agus ATC an Aontais. Thug na cruinnithe ionchúisitheoirí ó na Ballstáit agus ó thíortha nach bhfuil san Aontas le chéile chun saineolas a fhorbairt agus chun comhar breithiúnach in aghaidh na gáinneála ar dhaoine a threisiú, go háirithe in imscrúdú digiteach agus airgeadais, i ndúshaothrú saothair agus gnéasach chomh maith le dúshaothrú máthairionadaíochta. Pléadh oiliúint ionchúisitheoirí agus breithiúna freisin le láithreacht CEPOL agus an Ghréasáin Eorpaigh um Oiliúint Bhreithiúnach.

3.4. Sainaithint luath, cúnamh agus cosaint na n-íospartach

Foráiltear leis an **Treoir um Chomhrac na Gáinneála'** do chur chuige atá dírithe ar íospartaigh, atá íogair ó thaobh inscne agus leanaí de, a théann chun tairbhe na ndaoine is leochailí, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas agus imircigh. Leis an **Treoir leasaithe** tugtar isteach roinnt gnéithe nua lena **gcothaítear cearta na n-íospartach** go suntasach. I measc nithe eile, ceanglaítear ar na Ballstáit sásraí náisiúnta atreoraithe a bhunú, ar cheart dóibh a bheith ina gcreat trédhearcach, inrochtana agus comhchuibhithe lena n-éascófar agus lena bhfeabhsófar atreorú íospartach chuig na heagraíochtaí agus na comhlachtaí náisiúnta freagracha. Ba cheart feidhm a bheith ag sásra atreoraithe maidir le gach íospartach agus maidir le gach cineál cionta gáinneála, agus leochaileacht shonrach aonair na n-íospartach á cur san áireamh. Thairis sin, ceanglaítear ar na Ballstáit pointe fócasach

[112] 6 539 nduine in 2019-2020 agus 8 804 dhuine in 2021-2022. Ní raibh an líon daoine a ionchúisíodh ar fáil don Ghearmáin ná don Iodáil don tréimhse iomlán, agus don Chipir do 2019 agus 2020.
[113] 3 019 nduine in 2019-2020 agus 4 728 dhuine in 2021-2022. Ní raibh an líon daoine ciontaithe ar fáil don Bheilg le haghaidh 2020 agus 2022, ná don Iodáil le haghaidh 2019 agus 2020.
[114] 183 chás in 2019, 163 chás in 2020 agus 140 cás in 2021, 122 chás nua maidir le gáinneáil ar dhaoine in 2022 agus 113 chás nua maidir le gáinneáil ar dhaoine in 2023.
[115] An Chróit, an Ungáir.
[116] 14 Meitheamh 2022, 28-29 Meitheamh 2023 agus 26-27 Meitheamh 2024.

a ainmniú le haghaidh atreorú trasteorann íospartach. Leis an Treoir leasaithe, ceanglaítear ar na Ballstáit a áirithiú go mbeidh íospartaigh gháinneála in ann a gceart chun iarratas a dhéanamh ar chosaint idirnáisiúnta nó ar stádas náisiúnta coibhéiseach a fheidhmiú. Dá bhrí sin, ní mór do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil an córas cúnaimh d'íospartaigh na gáinneála agus na nósanna imeachta tearmainn comhlántach agus nach gcuireann siad cosc ar a chéile. Ní mór do shásraí tarchuir comhoibriú le húdaráis tearmainn chun a áirithiú go gcuirfear cúnamh, tacaíocht agus cosaint ar fáil d'íospartaigh na gáinneála a bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu freisin.

Cé go dtugtar aghaidh sa Treoir um Chomhrac na Gáinneála' ar riachtanais shonracha íospartaigh na gáinneála ar dhaoine, is í an **Treoir maidir le Cearta Íospartach**[117] an phríomhionstraim chothrománach maidir le cearta íospartach, a bhfuil feidhm aici maidir le híospartaigh uile na gcoireanna uile. Bunaithe ar mheasúnú cúramach ar rialacha an Aontais maidir le cearta íospartach agus a gcur chun feidhme, mhol an Coimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir maidir le Cearta Íospartach an 12 Iúil 2023[118]. Is é is aidhm don togra cearta íospartach san Aontas a neartú a thuilleadh, lena n-áirítear cearta na n-íospartach is leochailí, amhail íospartaigh na gáinneála ar dhaoine. Tá caibidlíocht na gcomhreachtóirí fós ar siúl. Thairis sin, leanann an Coimisiún de bheith ag obair ar chur chun feidhme **Straitéis an Aontais maidir le cearta íospartach (2020-2025)**[119] agus tá an chuid is mó dá ghníomhaíochtaí cothrománacha bainte amach aige cheana féin.

Ina theannta sin, aithnítear i **dTreoir 2024/1385/AE maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac**[120] gur cineál foréigin in aghaidh na mban é cion na gáinneála ar dhaoine chun críche teacht i dtír gnéasach. Leis na bearta sonracha coisctheacha, cosanta agus tacaíochta atá beartaithe sa Treoir maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac, comhlánaítear na bearta a leagtar síos i dTreoir 2011/36/AE.

An 23 Aibreán 2024, ghlac an Coimisiún **moladh maidir le córais chomhtháite cosanta leanaí**[121]. Is é is aidhm don mholadh tacú leis na Ballstáit a gcórais cosanta leanaí a fhorbairt agus a neartú de réir riachtanais leanaí agus ar mhaithe lena leas. Spreagtar leis go háirithe comhordú i measc na n-údarás ar leibhéil éagsúla, gairmithe ar fud earnálacha, eagraíochtaí idirnáisiúnta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta. Ní mór do na gníomhaithe cosanta leanaí sin uile oibriú le chéile chun leanaí a chosaint ar aon chineál foréigin (foréigean fisiciúil, foréigean meabhrach, lena n-áirítear sa saol digiteach), lena n-áirítear gáinneáil ar dhaoine, ar bhealach comhleanúnach córasach.

Lasmuigh den chreat reachtach, thuairiscigh gníomhaireachtaí an Aontais ar a ngníomhaíochtaí faoi seach chun íospartaigh a shainaithint agus a chosaint go luath. Lean Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA) d'oiliúint a chur ar fáil

---

[117] Treoir 2012/29/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 lena mbunaítear íoschaighdeáin maidir le cearta, tacaíocht agus cosaint íospartaigh na coireachta, agus lena n-ionadaítear Cinneadh Réime 2001/220/CGB ón gComhairle (IO L 315, 14.11.2012, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2012/29/oj).

[118] COM(2023) 424 final.

[119] COM(2020) 258 final

[120] Treoir (AE) 2024/1385 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac (IO L 2024/1385, 24.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1385/oj). .

[121] Moladh (AE) 2024/1238 ón gCoimisiún an 23 Aibreán 2024 maidir le córais chomhtháite cosanta leanaí a fhorbairt agus a neartú ar mhaithe le leas an linbh (IO L 2024/1238, 14.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reco/2024/1238/oj).

d'údaráis tearmainn agus ghlactha na mBallstát, agus do pháirtithe leasmhara eile atá ag obair thar a gceann. Dhírigh an oiliúint sin, i measc nithe eile, ar gháinneáil a chosc trí oifigigh agus gníomhaithe ábhartha eile a ullmhú maidir le conas tosca riosca agus brú agus tarraingthe don gháinneáil a shainaithint, agus ar conas cumarsáid a dhéanamh le híospartaigh ionchasacha, lena n-áirítear trí bhealaí digiteacha[122]. Chuir an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (FRONTEX) iliomad gníomhaíochtaí oiliúna ar fáil freisin do ghardaí teorann agus d'fhorbair sí comhar le cuideachtaí iompair agus cuideachtaí cíosa ghearrthéarmaigh[123]. I gcomhthéacs an chomhair sin, iarrfar ar na cuideachtaí páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí oiliúna Frontex le haghaidh seisiúin feasachta maidir leis an gcaoi ar féidir leis an earnáil phríobháideach tacú leis an bpobal forfheidhmithe dlí.

Ar an leibhéal náisiúnta, chuir na Ballstáit uile bearta in iúl chun a áirithiú go gcuirfear cúnamh, tacaíocht agus cosaint ar fáil do gach íospartach a sainaithníodh, agus riachtanais inscne agus riachtanais a bhaineann go sonrach le leanaí á gcur san áireamh. Áiríodh ar na bearta sin comhar struchtúrtha le haerlínte agus le haerfoirt, lena n-áirítear oiliúint a chur ar fhoireann na n-aerlínte[124]. Bhunaigh siad comhar déthaobhach freisin i réimsí sonracha, amhail an comhar idir an Ghearmáin agus an Bhulgáir maidir le híospartaigh an dúshaothraithe saothair a atreorú. Thairis sin, d'áirithigh na Ballstáit go raibh cistiú breise ar fáil chun sásraí náisiúnta atreorúcháin neamhfhoirmiúla nó foirmiúla a fheabhsú[125], nó chun ionaid dídine speisialaithe a bhunú d'íospartaigh na gáinneála, lena n-áirítear ionaid dídine speisialaithe d'fhir[126]. Ar deireadh, neartaigh roinnt Ballstát cúnamh dlíthiúil d'íospartaigh chun cúiteamh a fháil agus d'fhorbair siad bróisiúir agus treoirlínte[127]. Bhronn roinnt Ballstát[128] cúiteamh ar íospartaigh na gáinneála ar dhaoine, idir EUR 250 agus EUR 65 000 as gortuithe fisiciúla, damáistí ábhartha, lena n-áirítear pá neamhíoctha, agus damáistí morálta.

Chuir eagraíochtaí na sochaí sibhialta raon éagsúil seirbhísí comhairleoireachta dlí ar fáil freisin d'íospartaigh ionchasacha na gáinneála, cosaint, dídean, tacaíocht leighis, shíceolaíoch agus shíciatrach, chomh maith le hoideachas.

3.5. An ghné idirnáisiúnta

Tá comhpháirtíochtaí le tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta fíor-riachtanach chun líonraí coiriúla trasnáisiúnta a bhíonn ag gabháil do gháinneáil ar dhaoine a chomhrac. Fágann siad gur féidir dúshláin choiteanna agus réitigh choiteanna a shainaithint a dteastaíonn comhar agus gníomhaíochtaí comhpháirteacha níos láidre ina leith. Is náisiúnaigh tríú tír iad 54 % de na híospartaigh san Aontas, treocht atá ag athrú i gcomparáid leis na blianta roimhe sin. In 2022, ba é 63 % sciar na n-íospartach neamh-AE. Is dócha gur féidir an méadú sin a nascadh le tuilleadh cásanna gáinneála a bhaineann le himircigh, le sreabha imirce agus/nó le feabhas ar bhrath íospartach imirceach mar gheall ar fheasacht níos airde ar gháinneáil ar dhaoine agus tuilleadh imscrúduithe.

[122] Ábhar ó EUAA.
[123] D'eagraigh FRONTEX cruinnithe le UBER, Airbnb agus Comhlachais Iarnróid.
[124] An Ostair, an Laitvia, an Pholainn, an Rómáin agus an Ísiltír.
[125] An Fhionlainn
[126] An Bhulgáir, an Chróit, an Danmhairg, an Fhrainc, Éire, an Laitvia, an Ungáir, an Ísiltír, an Pholainn, an Phortaingéil, an Spáinn.
[127] An Ostair, an Bheilg, an Ungáir, Éire.
[128] An Bheilg, an Ísiltír, an tSlóvaic, an Iodáil, an Rómáin, an Fhionlainn.

Le linn na tréimhse tuairiscithe, neartaíodh an ghné sheachtrach a thuilleadh: áiríodh beartais maidir le comhrac na gáinneála i ngníomhaíochtaí maidir le smuigleáil imirceach a chomhrac, i bpróiseas an mhéadaithe le tíortha is iarrthóirí agus le tíortha réamhaontachais agus in idirphlé maidir le cearta an duine, slándáil agus imirce le tíortha nach bhfuil san Aontas, agus trí raon ionstraimí beartais eachtraigh agus comhar oibríochtúil le tíortha comhpháirtíochta.

Bhí an ghné idirnáisiúnta mar fhócas freisin ag cruinnithe débhliantúla Líonra an Aontais Eorpaigh de Chomhordaitheoirí agus Rapóirtéirí Náisiúnta an 25-26 Aibreán 2023[129] agus an 2-3 Nollaig 2024[130]. Mar obair leantach ar an bplé a rinneadh an 25-26 Aibreán 2023, tá staidéar á dhéanamh ag Gréasán Imirce na hEorpa arb é is aidhm dó anailís a dhéanamh ar bheartais um chomhrac na gáinneála' le tíortha nach bhfuil san Aontas. Díríodh ag an gcruinniú an 2-3 Nollaig 2024, lena n-áirítear i seisiún comhpháirteach le hArdán Sochaí Sibhialta an Aontais i gcoinne na gáinneála ar dhaoine, ar an nasc idir gáinneáil ar dhaoine agus an imirce, lena n-áirítear smuigleáil imirceach. Bhí seisiún amháin dírithe ar chosc agus ar dhaoine atá ar a dteitheadh ón bhfogha míleata faoin Úcráin a chosaint.

Tá dlúthbhaint ag an ngáinneáil le **smuigleáil imirceach**, ós rud é gur minic a bhíonn imircigh nó a dteaghlaigh i gcuibhriú fiachais chun na smuigléirí a íoc, rud a mbíonn dúshaothrú mar thoradh air. Is féidir imircigh a smuigleáil freisin chun críocha dúshaothraithe. Dá bhrí sin, is gá aghaidh a thabhairt ar na bearta reachtacha, oibríochtúla agus cistiúcháin a bhaineann leis an gcomhrac i gcoinne smuigleáil imirceach i gcomhpháirt leis an gcomhrac i gcoinne na gáinneála ar dhaoine i gcomhthéacs na himirce neamhrialta[131]. Foráiltear le Gníomhaíochtaí Oibríochtúla EMPACT maidir le Smuigleáil Imirceach agus Gáinneáil ar Dhaoine do rannpháirtíocht roinnt tíortha nach bhfuil san Aontas[132] agus áirítear leo gníomhaíochtaí lena ndírítear ar chuid de na príomhlimistéir nach bhfuil san Aontas nó ar thíortha tionscnaimh na n-íospartach agus na ngáinneálaithe a shainaithnítear san Aontas.

Thairis sin, an 28 Samhain 2023, thíolaic an Coimisiún pacáiste chun smuigleáil imirceach a chomhrac ina bhfuil togra le haghaidh Treoir nua lena leagtar síos rialacha íosta chun éascú teacht isteach, idirthurais agus fanachta neamhúdaraithe san Aontas a chosc agus a chomhrac[133], togra le haghaidh Rialachán chun comhar póilíneachta agus ról Europol sa

---

[129] Meeting of the EU Network of National Rapporteurs and Equivalent Mechanisms against trafficking in human beings - an Coimisiún Eorpach (europa.eu). [Cruinniú de Líonra an Aontais Eorpaigh de Rapóirtéirí Náisiúnta agus na Sásraí Coibhéiseacha i gcoinne na gáinneála ar dhaoine]

[130] *EU Network of National Coordinators and Rapporteurs and EU Civil Society Platform join efforts against trafficking in human beings - European Commission*[Líonra an Aontais Eorpaigh de Chomhordaitheoirí agus Rapóirtéirí Náisiúnta agus Ardán Sochaí Sibhialta an Aontais ag glacadh páirt in iarrachtaí i gcoinne na gáinneála ar dhaoine — an Coimisiún Eorpach].

[131] Áirítear i dtuarascáil 2024 ón Lárionad Eorpach in aghaidh Smuigleáil Imirceach (EMSC) de chuid Europol na forbairtí is déanaí maidir le smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine agus an timpeallacht choiriúil atá ann faoi láthair. Tackling threats addressing challenges - _Europol's_response_to_migrant_smuggling_and_trafficking_in_human_beings_in_2023_and_onwards.pdf.

[132] Maracó, an Túinéis, an Ghaimbia, an Afraic Thiar agus Láir, an Tuirc, na Balcáin Thiar, an Albáin, an Mholdóiv, an Phacastáin.

[133] Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leagtar síos rialacha íosta chun éascú teacht isteach neamhúdaraithe, idirthurais neamhúdaraithe agus fanacht neamhúdaraithe san Aontas a chosc agus a chomhrac (COM(2023) 755 final) EUR-Lex - 52023PC0755 - GA - EUR-Lex (europa.eu).

chomhrac i gcoinne smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine a threisiú[134] agus treoir chun gnímh maidir le comhghuaillíocht dhomhanda chun smuigleáil imirceach a chomhrac. Áirítear sa togra le haghaidh Treorach imthoisc ghéaraitheach le haghaidh cionta smuigleála a raibh dúshaothrú i gceist leo nó a raibh dúshaothrú mar thoradh orthu. Leis an togra le haghaidh Rialacháin, treisítear an Lárionad Eorpach i gcoinne Smuigleáil Imirceach laistigh de Europol chun acmhainneachtaí breise a fhorbairt le haghaidh imscrúdú trasteorann maidir le smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine araon. Leis an atreisiú, féachtar le feabhas a chur ar chomhar idirghníomhaireachta, comhordú a neartú ar leibhéal an Aontais trí chúraimí straitéiseacha sonracha a leagan amach, feabhas a chur ar chomhroinnt faisnéise leis an ngníomhaireacht, acmhainní na mBallstát a threisiú chun na coireanna sin a chosc agus a chomhrac, agus tacaíocht Europol a threisiú trí thascfhórsaí oibríochtúla agus trí imscaradh le haghaidh tacaíocht oibríochtúil. Tá na tograí á bplé ag na comhreachtóirí.

Nuair a cuireadh é ar an eolas faoin riosca ard gáinneála nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo tar éis thús chogadh foghach iomlán na Rúise i gcoinne na **hÚcráine** an 24 Feabhra 2022, d'fhorbair Comhordaitheoir an Aontais Eorpaigh um Chomhrac na Gáinneála' **Plean Coiteann um Chomhrac na Gáinneála**[135]. Chuidigh cur chun feidhme an Phlean leis an gcoireacht sin a chosc agus le líon na n-imscrúduithe gáinneála deimhnithe a choinneáil íseal. Spreag an fhreagairt éigeandála thapa agus éifeachtach modhnú ar Airteagal 19 den Treoir leasaithe, lena bhforáiltear do phleananna freagartha teagmhais chun bagairt na gáinneála ar dhaoine a chosc i gcás éigeandálaí móra. Laghdaíodh leochaileachtaí na ndaoine a bhí ar a dteitheadh ón gcogadh foghach go mór freisin trí ghníomhachtú na **Treorach um Chosaint Shealadach** lenar deonaíodh cosaint láithreach agus rochtain láithreach ar chearta san Aontas[136]. Bunaithe ar thogra ón gCoimisiún, chinn an Chomhairle síneadh a chur leis go dtí mí an Mhárta 2026[137].

In 2022, ba iad náisiúnaigh na hÚcráine an dara náisiúntacht neamh-AE ba mhó i measc íospartaigh na gáinneála a cláraíodh san Aontas (421 íospartach). Rinneadh dúshaothrú saothair ar 85 % díobh agus rinneadh teacht i dtír gnéasach ar 13 % díobh. Dheimhnigh na Ballstáit agus Europol gur cuireadh tús le himscrúduithe a bhaineann leis na híospartaigh sin de chuid na hÚcráine san Aontas cheana féin roimh thús an chogaidh fhoghaigh iomláin agus/nó go bhfuil baint acu le híospartaigh atá san Aontas cheana féin. Mar sin féin, deimhnítear leis sin go bhfuil baol mór gáinneála ar dhaoine fós ann do náisiúnaigh na hÚcráine, lena n-áirítear iad siúd atá ar a dteitheadh ón gcogadh foghach iomlán, nach mór do Europol dlúthfhaireachán a dhéanamh air le tacaíocht ón Úcráin agus go n-éilítear leis cur chun feidhme leanúnach an Phlean Choitinn um Chomhrac na Gáinneála.

Feabhsaíodh an comhar oibríochtúil trasteorann leis an Úcráin cheana féin le tacaíocht ó ghníomhaireachtaí an Aontais. In 2024, glacann an Úcráin páirt i 19 ngníomhaíocht oibríochta EMPACT. In 2023, chomhordaigh Europol Haiceatón trí lá lenar díríodh ar

[134]Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le feabhas a chur ar an gcomhar póilíneachta i ndáil le smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine a chosc, a bhrath agus a imscrúdú, agus maidir le feabhas a chur ar thacaíocht Europol ó thaobh coireanna den sórt sin a chosc agus a chomhrac agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/794 EUR-Lex - 52023PC0754 - GA - EUR-Lex (europa.eu).

[135] An Anti-Trafficking Plan to protect people fleeing the war in Ukraine - an Coimisiún Eorpach (europa.eu) [Plean um Chomhrac na Gáinneála chun daoine atá ar a dteitheadh ón gcogadh san Úcráin a chosaint]

[136] Cearta cónaithe, rochtain ar an margadh saothair, cóiríocht, cúnamh leasa shóisialaigh agus cúnamh eile.

[137] Dídeanaithe ón Úcráin: Síneadh curtha ag an gComhairle leis an gcosaint shealadach go dtí mí an Mhárta 2026 - Consilium (europa.eu).

ghníomhaíochtaí coiriúla ar líne a raibh íospartaigh na hÚcráine rannpháirteach iontu agus, i mí an Mhárta 2024, sheol 11 thír tascfhórsa oibríochtúil arna chomhordú ag Europol chun teacht i dtír gnéasach ar mhná agus ar chailíní na hÚcráine san Aontas a chomhrac. I mí na Bealtaine 2024, thacaigh Europol le Póilíní Náisiúnta na Spáinne chun deireadh a chur le grúpa coiriúil a raibh baint aige le gáinneáil ar dhaoine chun teacht i dtír gnéasach a dhéanamh orthu. Mheall na daoine a bhí faoi dhrochamhras íospartaigh na hÚcráine agus gheall siad go ndéanfaidís socrú chun iad a chosaint, tacaíocht airgeadais agus obair a thabhairt dóibh.

Le linn na tréimhse tuairiscithe, lean an Coimisiún, in éineacht leis an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí, de bheith i **dteagmháil le príomhthíortha tionscnaimh agus idirthurais eile íospartach agus gáinneálaithe**[138] trí rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí oibríochtúla, in idirphlé beartais agus i gcistiú spriocdhírithe. Thug Gníomhaireachtaí an Aontais faoi fhothú acmhainneachta, comhar oibríochtúil, agus cúnamh teicniúil i dtíortha comhpháirtíochta.

Mhaoinigh an tAontas clár réigiúnach ag a bhfuil tionchar ó thaobh chomhrac na gáinneala de agus tionchar smuigleála imirceach ar fiú EUR 36 mhilliún é faoi IPA III sna Balcáin Thiar. Rinne an tAontas conradh breise le haghaidh thart ar EUR 84 mhilliún faoin Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta (ICFCI) 2021-2022 chun aghaidh a thabhairt ar rannpháirtíocht mhéadaitheach grúpaí coireachta eagraithe san imirce neamhrialta, rud a fhágann go bhfuil méadú ag teacht ar bhagairt na gáinneála ar dhaoine feadh bealaí imirce, go háirithe i gcomharsanacht an Aontais.

Faoi Chiste Iontaobhais an Aontais Eorpaigh don Afraic, mhaoinigh an tAontas clár réigiúnach dar luach EUR 15 mhilliún idir 2019 agus Iúil 2024 chun tacú le tíortha na hAfraice Thuaidh deireadh a chur le líonraí coiriúla eagraithe a bhfuil baint acu le smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine.

I gCorn na hAfraice, tá ICFCI ag tacú faoi láthair le dhá mhórthionscadal réigiúnacha lena dtéitear i ngleic le Gáinneáil agus Smuigleáil, an Tionscadal um Bainistiú Imirce Níos Fearr (BMM), arb é is aidhm dó comhar na nGníomhaireachtaí Forfheidhmithe Dlí, na n-oifigeach teorann/inimirce agus na soláthraithe seirbhísí cosanta a neartú. Chuir clár eile arna mhaoiniú ag ICFCI (EUR 5 mhilliún), an Lárionad Oibríochtúil Réigiúnach i gCartúm (ROCK), tús lena dhara céim in 2022. Is é is aidhm dó líon na dteagmhas gáinneála ar dhaoine agus líon na smuigleála imirceach in Oirthear na hAfraice a laghdú, agus cosaint íospartach a fheabhsú. An 7 Bealtaine 2024 sheol an Coimisiún glao nua ar thograí lena sainítear freisin an comhrac i gcoinne na gáinneála ar dhaoine mar cheann dá chuspóirí agus lenar cuireadh EUR 15 mhilliún i leataobh chun comhthionscadail chomhpháirtíochta oibríochtúla (COPanna) i gcoinne smuigleáil imirceach i dtiortha nach bhfuil san Aontas a bhunú[139].

Is réigiún tionscnaimh agus idirthurais ríthábhachtach i gcónaí í an Afraic Thiar le haghaidh imircigh a dhéanann turais neamhrialta chuig an Aontas trí Bhealach na Meánmhara Láir agus trí Bhealach an Atlantaigh/na Meánmhara Thiar. Tá an tAontas ag tacú le Comhpháirtíochtaí Oibríochtúla Comhchoiteanna (COPanna) chun úinéireacht,

[138] Meiriceá Laidineach, an Nigéir, an tSín, an Phacastáin, Maracó, an Bhanglaidéis, na Balcáin Thiar, an Tuirc, etc.
[139] ISF-2024-TF2-AG-COP Leagan nuashonraithe de theimpléad na nglaonna (europa.eu).

tionchar agus inbhuanaitheacht fhadtéarmach iarrachtaí ár gcomhpháirtithe sa Chósta Eabhair, sa Ghuine, sa Mháratáin agus sa Ghaimbia a mhéadú (maoinithe go háirithe faoi CSI). Sheol an tAontas comhpháirtíocht agus idirphlé imirce leis an Máratáin an 7 Márta 2024, lena gcumhdaítear gáinneáil agus smuigleáil freisin. Ina theannta sin, is rioscaí tromchúiseacha iad na rioscaí a bhaineann le gníomhaíochtaí coiriúla a mbíonn tionchar acu ar an bhforbairt agus ar an tslándáil, go háirithe sna tíortha is mó atá buailte, agus is bagairt bhreise iad ar an rialachas agus ar an gcobhsaíocht sa réigiún ar fad agus níos faide i gcéin. Sa chomhthéacs sin, bhí gáinneáil agus smuigleáil imirceach ina bpríomhchodanna de na cláir Slándála sa tSeineagáil, sa Ghaimbia agus sa Mháratáin.

San Áise, tháinig deireadh leis an tionscadal rathúil 'Gníomhaíocht Dhomhanda in aghaidh Gáinneáil ar Dhaoine agus Smuigleáil Imirceach - an Áise agus an Meánoirthear - GLO.ACT' i mí an Mhárta 2024. Le ceann de chomhpháirteanna an chlár PROTECT 'Bainistiú Imirce agus Cosaint Imirceach a Fheabhsú i dTíortha Roghnaithe Bhealach an tSíoda', arna chur chun feidhme ag UNODC, cuirtear le rath GLO.ACT agus leis na ceachtanna a foghlaimíodh uaidh, agus dírítear ar an gcomhrac i gcoinne na gáinneála ar dhaoine agus smuigleáil imirceach, san Afganastáin, sa Phacastáin agus san Iaráic.

I Meiriceá Laidineach agus i Muir Chairib, tá an tAontas ag tacú le Clár EUROFRONT ó 2020 i leith. Leis an chomhpháirt maidir le Gáinneáil ar Dhaoine agus Smuigleáil Imirceach clúdaítear ceithre thrasnú teorann a bhaineann le seacht dtír i Meiriceá Theas. Go luath amach anseo, is é an sprioc atá ann na pleananna gníomhaíochta náisiúnta a chur chun feidhme a d'eascair as na sásraí dénáisiúnta agus réigiúnacha atá i bhfeidhm, amhail i bParagua, sa Bhrasaíl nó in Eacuadór. Tacaíonn an tAontas freisin le clár EL PAcCTO in aghaidh na coireachta eagraithe trasnáisiúnta agus lena shainlíonraí comhair póilíneachta, in aghaidh gáinneáil ar dhaoine agus smuigleáil daoine.

Ar an leibhéal domhanda, tá ICFCI (EUR 5 mhilliún) ag cur tús leis an Tionscadal 'Gníomhaíocht agus Comhar a chur chun cinn i measc tíortha ar an leibhéal domhanda i gcoinne Gáinneáil ar Dhaoine agus Smuigleáil Imirceach (PACTS)'. Tacóidh PACTS le comhar Theas-Theas, agus tá comhpháirt láidir rannpháirtíochta marthanóra aige.

Thairis sin, lean an tAontas den dlúthchomhar le **heagraíochtaí idirnáisiúnta agus réigiúnacha** atá gníomhach sa réimse[140], lena n-áirítear i gcomhthéacs an Ghrúpa Comhordaithe Idirghníomhaireachta in aghaidh Gáinneáil ar Dhaoine (ICAT). Lean sé freisin dá rannpháirtíocht le Comhairle na hEorpa agus lena Grúpa Saineolaithe um Ghníomhaíocht in aghaidh gáinneáil ar dhaoine (GRETA).

Ar an leibhéal náisiúnta, rannchuidigh na Ballstáit leis an gcaidreamh le tíortha nach bhfuil san Aontas agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta a neartú, lena n-áirítear trí fheachtais múscailte feasachta, oiliúint (lena n-áirítear foireann na gConsalachtaí), forfheidhmiú oibríochtúil an dlí agus comhar breithiúnach, malartú faisnéise agus dea-chleachtas, cúnamh teicniúil, agus cistiú spriocdhírithe[141]. Mar shampla, tá comhaontuithe nó prótacail dhéthaobhacha bunaithe ag an Iodáil le tíortha tionscnaimh nó idirthurais le haghaidh íospartaigh na gáinneála, go háirithe an Nigéir, an Libia agus an Éigipt, rud a éascaíonn

[140] Oifig na Náisiún Aontaithe um Dhrugaí agus Coireacht (UNODC), an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce (IOM), Gníomhaireacht Dídeanaithe na Náisiún Aontaithe (UNHCR), an Lárionad Idirnáisiúnta um Fhorbairt Beartas Imirce (ICMPD) agus an Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip (ESCE).
[141] An Danmhairg, an Eastóin, an Fhrainc, an Fhionlainn, an Ungáir, an Iodáil, Éire, an Liotuáin, Málta, an Ísiltír, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóivéin, an tSualainn agus an Spáinn.

malartú díreach faisnéise. D'fhorbair Oifig an Rapóirtéara Náisiúnta sa Phortaingéil seisiúin oiliúna le húdaráis na Túinéise le linn na tréimhse 2021-2023**.**

4. CONCLÚIDÍ

Éilíonn castacht na gáinneála ar dhaoine **freagairt chuimsitheach** i gcónaí, lena mbaineann raon leathan gníomhaithe ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal idirnáisiúnta, a éilíonn acmhainneacht agus acmhainní leordhóthanacha, chomh maith le sásra comhordaithe dea-fheidhmiúil.

Chun freagairtí leordhóthanacha dlíthiúla, oibríochtúla agus beartais a chur ar fáil, **tá an tAontas tar éis a bheartais a threisiú chun gáinneáil ar dhaoine a chomhrac**. Is creat láidir í Straitéis an Aontais maidir leis an ngáinneáil ar dhaoine a chomhrac a bhfuil gníomhaíochtaí nithiúla ag gabháil léi, atá curtha chun feidhme nó atá ar siúl faoi láthair. Leis an Treoir leasaithe um Chomhrac na Gáinneála, neartaítear a thuilleadh an fhreagairt dhlíthiúil ar an gcoir, trí chineálacha nua dúshaothraithe a thabhairt isteach, trí phionóis níos déine, trí rialacha níos láidre chun gáinneáil ar dhaoine a chomhrac, lena n-áirítear gáinneáil ar líne, chomh maith le forálacha treisithe maidir le cúnamh agus cosaint íospartach. Ina theannta sin, le linn na tréimhse tuairiscithe, neartaíodh an creat dlíthiúil go mór freisin le go leor dlíthe agus ionstraimí nua eile de chuid an Aontais.

Ar an leibhéal náisiúnta, tá bearta déanta ag na Ballstáit chun bearta maidir le comhrac na gáinneála a chomhordú agus a threisiú, lena n-áirítear trí Phleananna Gníomhaíochta Náisiúnta agus Straitéisí nua nó nuashonraithe, a chuireann leis an gcur chuige cuimsitheach chun an choireacht a chomhrac.

In ainneoin an dul chun cinn atá déanta sa chreat dlíthiúil, beartais agus oibríochtúil, tá méadú tagtha ar líon na n-íospartach cláraithe gáinneála agus tá roinnt de na dúshláin a bhfuilimid ar an eolas fúthu fós ann, agus tagann dúshláin nua chun cinn, lena n-áirítear **cineálacha nua dúshaothraithe.** Thairis sin, tugadh faoi deara **modhnuithe ar threochtaí**, amhail méadú ar dhúshaothrú saothair agus ar choiriúlacht éigeantais, treochtaí a deimhníodh ar fud an domhain freisin[142], chomh maith le hathruithe ar shaoránacht íospartach, agus formhór na n-íospartach gáinneála, is daoine nach saoránaigh den Aontas iad. Ní mór freagairt láithreach a thabhairt ar na dúshláin sin chun samhail ghnó na ngáinneálaithe a bhriseadh. Tá baint ag na **líonraí coiriúla is bagairtí** le gáinneáil ar dhaoine agus déanann siad **brabúis ollmhóra** trí gháinneáil ar dhaoine, a mbíonn baint acu go minic le **gníomhaíochtaí coiriúla eile**. **Tá ionchúisimh agus ciontuithe fós íseal** i gcomparáid leis an líon amhrastach, agus is minic a ghearrtar **pianbhreitheanna** trócaireacha mar gheall ar ionchúiseamh cionta seachas gáinneáil. Bíonn bailiú fianaise dian ar am agus ar acmhainní agus is minic a bhíonn sé bunaithe ar theistiméireachtaí íospartach amháin. Is dúshlán i gcónaí é an t-aistriú méadaitheach chuig an **ngné ar líne**, rud a d'fhéadfaí a dhéanamh níos measa amach anseo mar gheall ar an intleacht shaorga.

Tacóidh Mol an Aontais um Gháinneáil a Chomhrac le cur chun feidhme na Straitéise agus na bhforálacha dlíthiúla, maidir le dea-chleachtais a mhalartú, maidir le hidirphlé a chothú i measc gairmithe um chomhrac na áinneála agus maidir le tuiscint níos fearr ar choincheapa, ar shainmhínithe agus ar cheanglais áirithe a áirithiú.

Ag tógáil ar an Straitéis atá ann faoi láthair, le Straitéis nua de chuid an Aontais maidir leis an ngáinneáil ar dhaoine a chomhrac rannchuideofar le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin atá ag teacht chun cinn tar éis 2025. Beidh an Straitéis nua sin ina contrapháirt ar leibhéal

[142] Tuarascáil Dhomhanda 2024 maidir le Gáinneáil ar Dhaoine

an Aontais de na Pleananna Náisiúnta um chomhrac na gáinneála nach mór do na Ballstáit a ghlacadh faoin 15 Iúil 2028 i gcomhréir leis an Treoir leasaithe. Cuideoidh Straitéis an Aontais leis na tosaíochtaí ó chosc go ciontú a stiúradh ar bhealach comhleanúnach le cur chuige atá dírithe ar íospartaigh, ar fud an Aontais, le comhpháirtithe nach bhfuil san Aontas agus ar an leibhéal domhanda.